RIALACHÁN (AE) 2019/877 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2019

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Samhain 2015, d'fhoilsigh an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais Bileog Téarmaí ("caighdeán TLAC") na hacmhainneachta iomláine ionsúcháin caillteanais (TLAC) agus d'fhormhuinigh G20 é i mí na Samhna 2015. Is é cuspóir chaighdeán TLAC a áirithiú i gcás bainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo, dá ngairtear institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo ("G-SIInna") i gcreat an Aontais, go mbeidh an acmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin riachtanach acu chun cabhrú lena áirithiú, díreach ina dhiaidh sin, nuair a bheidh réiteach á dhéanamh, gur féidir leis na hinstitiúidí sin leanúint le feidhmeanna criticiúla a dhéanamh gan cistí na gcáiníocóirí - cistí poiblí ná cobhsaíocht airgeadais - a chur i mbaol. Sa teachtaireacht uaidh an 24 Samhain 2015, "I dTreo an tAontas Baincéireachta a Thabhairt chun Críche" gheall an Coimisiún togra reachtach a chur i láthair faoi dheireadh 2016, togra lena bhféadfaí caighdeán TLAC a chur chun feidhme i ndlí an Aontais faoin sprioc-am a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, mar atá 2019.

(2) Nuair a bheifear ag cur chaighdeán TLAC chun feidhme i ndlí an Aontais, ní mór a chur san áireamh an t-íoscheanglas institiúid-sonrach atá ann cheana maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ("ICDI"), a bhfuil feidhm aige maidir leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí creidmheasa (institiúidí) uile atá bunaithe an Aontas, mar aon le haon eintiteas eile, mar a leagtar síos i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) (eintitis). Ós rud é go bhfuil an t-aon chuspóir amháin ag caighdeán TLAC agus ICDI, mar atá, a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin ag institiúidí agus ag eintitis atá bunaithe san Aontais, ba cheart an dá cheanglas a bheith ina ngnéithe comhlántacha de chomhchreat. Ó thaobh na hoibríochta, ba cheart íosleibhéal comhchuibhithe chaighdeán TLAC do G-SIInna

([1]) IO C 34, 31.1.2018, lch. 17.
([2]) IO C 209, 30.6.2017, lch. 36.
([3]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 14 Bealtaine 2019.
([4]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

("íoscheanglas TLAC") a thabhairt isteach i reachtaíocht an Aontais trí leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([5]), agus ba cheart an forlíontán institiúid-sonrach do G-SInna agus an ceanglas institiúid-sonrach d'eintitis nach G-SIInna iad, dá dtagraítear mar ICDI, ba cheart aghaidh a thabhairt orthu le leasuithe spriocdhírithe ar Threoir 2014/59/AE agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

Ba cheart forálacha ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, arna leasú le forálacha an Rialacháin seo maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin na n-institiúidí agus na n-eintiteas a chur i bhfeidhm ar shlí atá comhsheasmhach leo siúd i Rialachán (AE) Uimh 575/2013 agus i dTreoracha 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus 2014/59/AE.

(3) In éagmais rialacha comhchuibhithe sna Ballstáit atá rannpháirteach sa Sásra Réitigh Aonair (SRA) maidir le cur chun feidhme chaighdeán TLAC san Aontas, cruthaítear costais bhreise agus éiginnteacht dhlíthiúil agus deacrachtaí an uirlis fortharrthála le haghaidh institiúidí agus eintiteas trasteorann a chur i bhfeidhm. In éagmais na rialacha comhchuibhithe sin ar leibhéal an Aontais, thiocfadh saobhadh na hiomaíochta sa mhargadh inmheánach chun cinn freisin ar an ábhar go bhféadfadh na costais a bheadh ar institiúidí agus ar eintitis i dtaca leis na ceanglais atá ann faoi láthair agus caighdeán TLAC a chomhlíonadh, go bhféadfaidís sin bheith an-éagsúil sna Ballstáit atá rannpháirteach i SRA. Is den riachtanas, dá bhrí sin, deireadh a chur leis na bacainní sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus an saobhadh iomaíochta, a thiocfaidh chun cinn in éagmais rialacha comhchuibhithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme chaighdeán TLAC, a sheachaint. Dá bhrí sin, is é an bunús dlí iomchuí don Rialachán seo Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(4) I gcomhréir le caighdeán TLAC, ba cheart leanúint d'aitheantas a thabhairt, i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, do straitéis réitigh an Phointe Iontrála Aonair (SPE) agus do straitéis réitigh na nIlphointí Iontrála (MPE). Faoi straitéis réitigh SPE, ní dhéantar réiteach ach ar aon ghrúpeintiteas amháin, go hiondúil an máthairghnóthas; maidir leis na grúpeintitis eile, ar fochuideachtaí oibriúcháin iad de ghnáth, ní chuirtear iad sin faoi réiteach, ach aistríonn siad a gcaillteanais agus a riachtanais athchaipitliúcháin chuig an eintiteas lena réiteach. Faoi straitéis MPE, féadfar níos mó ná aon ghrúpeintiteas amháin a réiteach. Is den tábhacht eintitis atá le réiteach ("eintitis réitigh"), is é sin a bhféadfaí gníomhaíochtaí réitigh a chur i bhfeidhm ina leith, i dteannta fochuideachtaí ar leis na heintitis sin iad ("grúpaí réitigh") a shainaithint go soiléir ionas gur féidir an straitéis réitigh inmhianta a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Is den tábhacht iad a shainaithint freisin ionas gur féidir an leibhéal cur i bhfeidhm a chinneadh ar cheart d'institiúidí agus eintitis a fheidhmiú i gcás na rialacha maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin. Is den riachtanas, dá bhrí sin, coincheapa an "eintitis réitigh" agus an "ghrúpa réitigh" a thabhairt isteach agus leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a bhaineann le pleananna réitigh grúpa chun é a chur de cheangal go sainráite ar an mBord Réitigh Aonair ("an Bord") na heintitis réitigh agus na grúpaí réitigh laistigh de ghrúpa a shainaithint agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag aon ghníomhaíocht atá beartaithe laistigh de ghrúpa a mheas mar is iomchuí chun réiteach grúpa éifeachtach a áirithiú.

(5) Ba cheart don Bhord a áirithiú go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin ag institiúidí agus eintitis chun a áirithiú go n-ionsúfar na caillteanais agus go ndéanfar athchaipitliú go mín agus go tapúil sa chaoi go mbeidh an tionchar is lú is féidir ar chobhsaíocht airgeadais agus ar cháiníocóirí. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart d'institiúidí ceanglas institiúid-sonrach maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) a chomhlíonadh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

(6) Chun na hainmneoirí lena dtomhaistear acmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin na n-institiúidí agus an-eintiteas a ailíniú leis na hainmneoirí dá bhforáiltear i gcaighdeán TLAC, ba cheart ICDI a shloinneadh mar chéatadán de thomhas iomlán na neamhchosanta ar riosca agus de thomhas neamhchosaint chóimheas luamhánaithe na hinstitiúide lena mbaineann.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

([7]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/EC agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

(7) Chun cothrom na Féinne a áirithiú d'institiúidí agus d'eintitis atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear ar leibhéal domhanda, ba cheart na critéir incháilitheachta i leith dliteanais ar féidir fortharrtháil a thabhairt orthu le haghaidh CDI a ailíniú go dlúth leis na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le haghaidh íoscheanglas TLAC, ach é sin a bheith faoi réir na gcoigeartuithe agus na gceanglas comhlántach a thugtar isteach sa Rialachán seo. Ba cheart, go háirithe, go mbeadh ionstraimí fiachais áirithe ag a bhfuil comhpháirt dhíorthach leabaithe, amhail nótaí struchtúrtha áirithe, ba cheart go mbeidís sin incháilithe chun ICDI a chomhlíonadh sa mhéid go bhfuil príomhshuim sheasta nó mhéadaitheach acu is inaisíoctha tráth a haibíochta agus atá ar eolas roimh ré ach nach bhfuil nasctha le díorthach ach pé toradh breise a bhíonn ann agus go mbraitheann sin ar fheidhmíocht na sócmhainne tagartha, faoi réir coinníollacha sonracha. I bhfianaise na gcoinníollacha sin, táthar ag súil go mbeidh acmhainneacht ardionsúcháin caillteanais ag na hionstraimí sin agus go bhféadfaí fortharrtháil a thabhairt orthu go héasca i gcás réitigh. I gcás ina bhfuil cistí dílse ag institiúidí ar mó iad ná na ceanglais cistí dílse, níor cheart dó sin difear a dhéanamh do chinntí a bhaineann le ICDI a chinneadh. In theannta sin, ba cheart go mbeadh sé indéanta d'institiúidí agus d'eintitis aon chuid dá ICDI a chomhlíonadh lena gcistí dílse.

(8) Tá na dliteanais uile ar toradh iad ar éilimh ghnáthchreidiúnaithe gan urrús (dliteanais neamh-fho-ordaithe) san áireamh sa raon dliteanas a úsáidtear lenar féidir ICDI a chomhlíonadh, ach amháin i gcás nach gcomhlíonann siad na sainchritéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun feabhas a chur ar inréititheacht institiúidí agus eintiteas trí úsáid éifeachtach a bhaint as an uirlis fortharrthála, ba cheart é a bheith ar chumas an Bhoird a cheangal go ndéanfar ICDI a chomhlíonadh trí bhíthin cistí dílse agus dliteanais fo-ordaithe eile, go háirithe i gcás inar ríléir gur dócha go n-iompróidh creidiúnaithe ar a dtabharfar fortharrtháil, go n-iompróidh siad caillteanais i gcás réitigh ar mó iad ná a thabhóidís dá mbeadh gnáthimeachtaí dócmhainneachta i bhfeidhm. Ba cheart don Bhord measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena cheangal ar institiúidí agus eintitis ICDI a chomhlíonadh le cistí dílse agus dliteanais fo-ordaithe eile, i gcás inarb ionann méid na ndliteanas a eisiatar ó chur i bhfeidhm na huirlise fortharrthála agus tairseach áirithe laistigh d'aicme dliteanas lena n-áirítear dliteanais incháilithe ICDI. Ba cheart d'institiúidí agus d'eintitis ICDI a chomhlíonadh le cistí dílse agus dliteanais fo-ordaithe eile a mhéid is féidir a áirithiú nach mbeadh níos mó caillteanais ag a gcuid creidiúnaithe ná an caillteanais a thabhóidís ar shlí eile faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.

(9) Ba cheart aon fho-ordú ar ionstraimí fiachais a iarrfaidh an Bord chun críocha ICDI a bheith gan dochar don fhéidearthacht íoscheanglas TLAC a chomhlíonadh go páirteach le hionstraimí fiachais neamh-fho-ordaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus mar a cheadaítear de réir chaighdeán TLAC. I gcás eintitis réitigh G-SIInna, nó eintitis réitigh de ghrúpaí réitigh a bhfuil sócmhainní os cionn EUR 100 billiún acu (bainc ardleibhéil), agus i gcás eintitis réitigh de ghrúpaí réitigh a bhfuil sócmhainní faoi bhun EUR 100 billiún acu a measann an t-údarás réitigh náisiúnta gur dócha go mbeidh riosca sistéamach ag gabháil leo i gcás mainneachtana, agus aird á tabhairt ar leitheadúlacht taiscí agus neamhláithreacht ionstraimí fiachais sa tsamhail mhaoinithe, rochtain theoranta ar mhargaí caipitil do dhliteanais incháilithe agus spleáchas ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 chun ICDI a chomhlíonadh, ba cheart do na húdaráis réitigh a bheith in ann a cheangal go gcomhlíonfar cuid de ICDI, arb ionann é agus leibhéal an ionsúcháin caillteanais agus an athchaipitliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(7) de Rialachán (AE) Uimh 806/2014 mar a leasaítear leis an Rialacháin seo, le dliteanais fho-ordaithe eile agus cistí dílse eile, lena n-áirítear cistí dílse a úsáidtear chun an ceanglas maoláin chomhcheangailte a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE a chomhlíonadh.

(10) Arna iarraidh sin d'eintiteas réitigh, ba cheart don Bhord a bheith in ann an chuid de ICDI a cheangláitear a chomhlíonadh le cistí dílse agus le dliteanais fho-ordaithe eile a laghdú suas go teorainn is ionann agus cionroinnt an laghdaithe is ceadmhach faoi Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i dtaca le híoscheanglas TLAC a leagtar síos sa Rialachán sin. Ba cheart don Bhord a bheith in ann a cheangal, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, go gcomhlíonfar ICDI trí bhíthin cistí dílse agus dliteanais fho-ordaithe eile a mhéid nach airde é leibhéal foriomlán an fho-ordaithe a cheanglaítear i bhfoirm cistí dílse agus míreanna dliteanas incháilithe mar gheall ar an oibleagáid atá ar institiúidí agus eintitis TLAC, ICDI, agus i gcás inarb infheidhme, an ceanglas maoláin chomhcheangailte faoi Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh, ná leibhéal an ionsúcháin caillteanais agus an athchaipitliúcháin a leagtar amach in Airteagal 27(7) de Rialachán (AE) Uimh 806/2014, ná an fhoirmle a leagtar amach sa Rialachán seo atá bunaithe ar cheanglais stuamachta cholún 1 agus cholún 2 agus an ceanglas maoláin caipitil chomhcheangailte.

(11) Maidir le bainc ardleibhéil faoi leith, ba cheart don Bhord, faoi réir coinníollacha a bheidh le measúnú ag an mBord, teorainn a chur le leibhéal an íoscheanglais fo-ordúcháin do thairseach áirithe, lena gcuirfear san áireamh freisin riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go mbeadh tionchar díréireach ar shamhail ghnó na n-institiúidí sin. Ba cheart nár dhochar an teorannú sin don fhéidearthacht ceanglas fo-ordúcháin os cionn na teorann sin a shocrú

trí cheanglas fo-ordúcháin faoi Cholún 2, faoi réir freisin na gcoinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le Colún 2, ar bhonn critéir mhalartacha, mar atá bacainní ar inréiteacht; nó indéantacht agus inchreidteacht na straitéise réitigh, nó an riosca a bhaineann leis an institiúid.

(12) Le ICDI, ba cheart a ligean d'institiúidí agus eintitis na caillteanais a bhfuiltear ag súil leo i gcás réitigh, nó ag pointe na neamh-inmharthanachta, de réir mar is iomchuí, a ionsú, agus an institiúid a athchaipitliú tar éis na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa phlean réitigh, agus i réiteach an ghrúpa réitigh, a chur chun feidhme. Ba cheart don Bhord, ar bhonn na straitéise réitigh a roghnóidh siad, údar cuí a thabhairt le leibhéal ICDI a fhorchuirfear agus ba cheart dóibh an leibhéal sin a athbhreithniú, gan aon mhoill mhíchuí, chun aon athrú ar leibhéal an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE a léiriú. Mar sin, is é ba cheart a bheith sa leibhéal ICDI suim mhéid na gcaillteanas lena bhfuiltear ag súil i gcás réitigh, a chomhfhreagróidh do cheanglais cistí dílse na hinstitiúide agus do mhéid an athchaipitliúcháin lenar féidir leis an institiúid, tar éis an réitigh nó tar éis na cumhachtaí díluachála nó comhshó a fheidhmiú, na ceanglais cistí dílse sin dá cuid is gá lena gníomhaíochtaí féin a shaothrú faoin straitéis réitigh a roghnófar a chomhlíonadh. Ba cheart don Bhord na méideanna athchaipitliúcháin a choigeartú síos nó suas i gcás aon athruithe a thagann as na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean réitigh.

(13) Ba cheart don Bhord a bheith in ann an méid athchaipitliúcháin a mhéadú freisin chun muinín leordhóthanach sa mhargadh a áirithiú san institiúid tar éis gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa phlean réitigh a chur chun feidhme. Maidir le leibhéal an mhaoláin muiníne sa mhargadh a iarradh, ba cheart don institiúid a bheith in ann leanúint de na coinníollacha údarúcháin a chomhlíonadh ar feadh tréimhse iomchuí ama, lena n-áirítear trí chead a thabhairt don institiúid na costais a bhaineann le hathstruchtúrú a gníomhaíochtaí tar éis an réitigh a chumhdach agus muinín an mhargaidh leordhóthanach a choimeád. Ba cheart an maolán muiníne margaidh a shocrú trí thagairt a dhéanamh do chuid den cheanglas maoláin caipitil chomhcheangailte faoi Threoir 2013/36/AE. Ba cheart don Bhord leibhéal an mhaoláin muiníne margaidh a choigeartú go leibhéal ís ísle i gcás inar leor leibhéal ís ísle chun muinín leordhóthanach mhargaidh a áirithiú nó ba cheart dó an leibhéal sin a choigeartú go leibhéal ís airde i gcás ina dteastóidh leibhéal is airde chun a áirithiú gurb amhlaidh, tar éis na gníomhaíochtaí a dhéanamh dá bhforáiltear sa phlean réitigh, go leanfaidh an t-eintiteas de na coinníollacha dá údarú a chomhlíonadh go ceann tréimhse iomchuí ama agus muinín leordhóthanach margaidh a choimeád.

(14) I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ([8]) ón gCoimisiún, ba cheart don Bhord bonn infheisteoirí ionstraimí ICDI institiúidí aonair nó eintitis aonair a scrúdú. D'fhéadfadh sé a bheith ina bhacainn ar inréititheacht ann féin go mbeadh cuid shuntasach d'ionstraimí ICDI de chuid institiúide nó eintitis i seilbh infheisteoirí miondíola arbh fhéidir nach bhfuair siad léiriú iomchuí ar na rioscaí ábhartha. Ina theannta sin, dá mbeadh cuid mhór d'ionstraimí ICDI de chuid institiúide nó eintitis i seilbh institiúidí eile, d'fhéadfadh impleachtaí díluachála nó comhshó a bheith ina bhacainn ar inréititheacht freisin. I gcás ina gcinnfidh an Bord bacainn ar inréititheacht mar thoradh ar mhéid agus ar chineál boinn infheisteoirí áirithe, d'fhéadfadh sé a mholadh d'institiúid nó d'eintiteas aghaidh a thabhairt ar an mbacainn sin.

(15) Chun inréititheacht G-SIInna a fheabhsú, ba cheart don Bhord a bheith in ann ICDI institiúid-sonrach a fhorchur orthu sa bhreis ar íoscheanglas TLAC a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart ICDI institiúid-sonrach sin a fhorchur i gcás nach leor íoscheanglas TLAC chun caillteanais a ionsú agus chun G-SII a athchaipitliú faoin straitéis réitigh roghnaithe.

(16) Agus leibhéal ICDI á shocrú, ba cheart don Bhord méid na tábhachta sistéamaí atá le hinstitiúid nó le heintiteas a chur san áireamh chomh maith leis an drochthionchar ar an gcobhsaíocht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann dá gclisfí uirthi nó air. Ba cheart don Bhord an gá atá le cothrom na Féinne idir na G-SIInna agus institiúidí

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún an 23 Márta 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar na bpleananna téarnaimh, na bpleananna réitigh agus na ngrúp-phleananna réitigh, na híoschritéir ar a ndéanfaidh an t-údarás inniúil measúnú maidir leis na pleananna téarnaimh agus na grúp-phleananna téarnaimh, na coinníollacha maidir le ghrúpthacaíocht airgeadais, na ceanglais do luachálaithe neamhspleácha, aitheantas conarthach cumhachtaí díluachála agus athraithe, nósanna imeachta agus ábhar na gceanglas um fhógra maidir le fionraí agus feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí réitigh (IO L 184, 8.7.2016, lch. 1).

inchomparáide eile, a bhfuil tábhacht shistéamach leo sna Ballstáit atá rannpháirteach, a chur san áireamh. Dá bhrí sin, níor cheart go n-imeodh ICDI na n-institiúidí nó na n-eintitis nach bhfuil ina G-SIInna ach a bhfuil a dtábhacht shistéamach, sna Ballstáit atá rannpháirteach, inchomparáide le tábhacht shistéamach G-SIInna, níor cheart go n-imeodh sin go díréireach ó leibhéal agus ó chomhdhéanamh ICDI a shocraítear i gcoitinne do G-SIInna.

(17) I gcomhréir le Rialachán Uimh. 575/2013, níor cheart institiúidí nó eintitis a shainaithnítear mar eintitis réitigh a bheith faoi réir ICDI ach amháin ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite agus ar an leibhéal sin amháin. Fágann an méid sin gur cheart, d'fhonn a ICDI a chomhlíonadh, oibleagáid a bheith ar eintitis réitigh ionstraimí agus míreanna is incháilithe, a eisiúint chuig creidiúnaithe tríú páirtí seachtracha a dtabharfaí fortharrtháil orthu i gcás ina dtionscnófaí próiseas réitigh i leith an eintitis réitigh.

(18) Ba cheart d'institiúidí nó d'eintitis nach eintitis réitigh iad ICDI a chomhlíonadh ar an leibhéal aonair. De ghnáth, ba cheart d'eintitis réitigh na n-institiúidí nó na n-eintitieas sin sin faoi seach a riachtanais ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin a sholáthar trí na hionstraimí cistí dílse agus na hionstraimí dliteanais incháilithe arna eisiúint ag na hinstitiúidí nó ag na heintitis sin a fháil go díreach nó go hindíreach, mar aon le díluacháil nó comhshó na n-ionstraimí cistí dílse sin agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe sin go hionstraimí úinéireachta tráth nach mbeidh na hinstitiúidí nó na heintitis sin inmharthana a thuilleadh. Mar sin, ICDI a bhfuil feidhm aige maidir le hinstitiúidí nó le heintitis nach eintitis réitigh iad, ba cheart é a chur i bhfeidhm ar dhóigh leanúnach i dteannta na gceanglas is infheidhme maidir le heintitis réitigh. Ba cheart, dá bharr sin, go bhféadfadh an Bord grúpa réitigh a réiteach gan roinnt dá fhochuideachtaí a chur faoi réiteach, agus is ar an gcaoi sin a sheachnófaí aon suaitheadh sa mhargadh a d'fhéadfadh titim amach murach sin. Ba cheart ICDI a chur i bhfeidhm in institiúidí nó in eintitis nach eintitis réitigh iad i gcomhréir leis an straitéis réitigh roghnaithe. Go háirithe, níor cheart an ghaolmhaireacht úinéireachta idir na hinstitiúidí agus a ghrúpa réitigh i ndiaidh athchaipitliú na n-institiúidí sin athrú mar gheall ar an gcur i bhfeidhm sin.

(19) Más rud é go bhfuil an t-eintiteas réitigh nó an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí araon bunaithe sa Bhallstát céanna agus gur cuid den ghrúpa réitigh céanna iad, ba cheart don Bhord a bheith in ann ICDI a bhfuil feidhm aige maidir leis na fochuideachtaí sin nach eintitis réitigh iad a tharscaoileadh go hiomlán nó chun cead a thabhairt dóibh ICDI a chomhlíonadh le ráthaíochtaí comhthaobhaithe idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí, ráthaíochtaí ab fhéidir a thionscnamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha uainiúcháin coibhéiseacha atá ann maidir le díluacháil nó comhshó dliteanas incháilithe. Ba cheart an chomhthaobhacht atá ina cúltaca ag an ráthaíocht a bheith ardleachtach agus riosca margaidh agus creidmheasa an-íseal a bheith ag gabháil léi.

(20) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 gur féidir le húdaráis inniúla cur i bhfeidhm ceanglas áirithe sócmhainneachta agus leachtachta a tharscaoileadh i gcás institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach ('líonraí comhoibritheacha') i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha sonracha áirithe. Chun aird a thabhairt ar shainiúlachtaí na líonraí comhoibritheacha sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann go hiomlán cur i bhfeidhm ICDI a tharscaoileadh freisin, a bhfuil feidhm aige maidir leis na hinstitiúidí creidmheasa sin agus an chomhlachta lárnaigh, faoi choinníollacha atá comhchosúil leo siúd a leagtar amach i Rialachán Uimh. (AE) 575/2013 i gcás ina bhfuil institiúidí creidmheasa agus an comhlacht lárnach bunaithe sa Bhallstát céanna. Thairis sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann, dá rogha féin, institiúidí creidmheasa agus an comhlacht lárnach a láimhseáil mar a bheadh aonad iomlán amháin ann agus measúnú á dhéanamh ar na coinníollacha le haghaidh réitigh, ag brath ar ghnéithe an tsásra dlúthpháirtíochta. Ba cheart don Bhord a bheith in ann a áirithiú go gcomhlíonfaidh an grúpa réitigh ina iomláine ceanglas seachtrach ICDI ar bhealaí difriúla ag brath ar ghnéithe de shásra dlúthpháirtíochta gach grúpa, trí dhliteanais incháilithe na n-eintiteas sin, a gcuireann an Bord de cheangal orthu ionstraimí incháilithe a eisiúint do ICDI lasmuigh den ghrúpa réitigh i gcomhréir leis an bplean réitigh, a chur sa chomhaireamh.

(21) Ba cheart do na húdaráis inniúla, do na húdaráis réitigh agus don Bhord aghaidh a thabhairt, mar is iomchuí, ar aon sáruithe ar íoscheanglas TLAC agus ICDI agus na sáruithe sin a leigheas. Ós rud é gurbh fhéidir go mbeadh sárú ar na ceanglais sin ina bhacainn ar inréititheacht institiúide nó grúpa, ba cheart na nósanna imeachta atá ann cheana a ghiorrú chun bacainní ar inréititheacht a bhaint chun go dtabharfar aghaidh go tapa ar aon sáruithe ar na ceanglais sin. Lena chois sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann a cheangal ar institiúidí nó eintiteas próifílí aibíochta ionstraimí agus míreanna incháilithe a mhodhnú agus pleananna a ullmhú agus a chur chun feidhme chun leibhéal na gceanglas sin a athbhunú. Thairis sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann dáiltí ar leithligh a thoirmeasc i gcás ina measfaidh siad ag cliseadh ar institiúid nó eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh faoi Threoir 2013/36/AE nuair a bhreathnaítear orthu sin i dteannta ICDI.

(22) Comhlíonann an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus urramaíonn sé na prionsabail a aithnítear go háirithe Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go suntasach an ceart chun maoine agus chun saoirse fiontraíochta, agus ní mór é a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá rialacha aonfhoirmeacha a leagan síos chun críocha chreat téarnaimh agus réitigh an Aontais le haghaidh institiúidí agus eintiteas, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas an Rialachán seo a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(24) Chun go mbeidh go leor ama ann chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ón... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh 806/2014 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad pointe (21)

"(21) ciallaíonn 'fochuideachta' fochuideachta mar a shainmhínítear í i bpointe (16) d'Airteagal 4(1) den Rialachán seo, agus chun críocha Airteagail 8, 10(10), 12 go 12k, 21 agus 53 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcás grúpaí réitigh dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe (24b) den mhír seo, ciallaíonn sé, i gcás inarb iomchuí agus de réir mar is iomchuí, institiúidí creidmheasa atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, an comhlacht lárnach féin, agus a bhfochuideachtaí faoi seach, agus aird á tabhairt ar an mbealach ina gcomhlíonann grúpaí réitigh den sórt sin Airteagal 12f(3) den Rialachán seo;

(21a) ciallaíonn 'fochuideachta ábhartha' fochuideachta ábhartha mar a shainmhínítear i bpointe (135) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013;";

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"(24a) ciallaíonn 'eintiteas réitigh' duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach, ar eintiteas é a shainaithníonn an Bord i gcomhréir le hAirteagal 8 mar eintiteas a bhforáiltear do ghníomhaíocht réitigh ina leith sa phlean réitigh;

(24b) ciallaíonn 'grúpa réitigh':

(a) eintiteas réitigh mar aon lena fhochuideachtaí ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) ní eintitis réitigh iad féin;

(ii) ní fochuideachtaí de chuid eintitis réitigh eile iad; nó

(iii) ní eintitis iad atá bunaithe i dtríú tír nach n-áirítear sa ghrúpa réitigh faoin bplean réitigh, agus a bhfochuideachtaí; nó

(b) institiúidí creidmheasa iad atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, agus an comhlacht lárnach féin i gcás inar eintiteas réitigh ceann amháin ar a laghad de na hinstitiúidí creidmheasa sin nó inar eintiteas réitigh an comhlacht lárnach, agus a bhfochuideachtaí faoi seach;

(24c) ciallaíonn 'institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi' nó 'G-SII' G-SII mar a shainmhínítear í i bpointe (133) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;";

(c) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(45a) ciallaíonn 'caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1' caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;";

(d) i bpointe (48) cuirtear na focail "dliteanais incháilithe le haghaidh uirlis fortharrthála" in ionad na bhfocal "dliteanais incháilithe":

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (49):

"(49) ciallaíonn 'dliteanais atá in-fhortharrthála' na dliteanais agus na hionstraimí caipitil nach gcáilíonn mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1 nó ionstraimí Leibhéal 2 de chuid eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 agus nach n-eisiatar ó raon feidhme na huirlise fortharrthála de bhun Airteagal 27(3);";

(f) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

"(49a) ciallaíonn 'dliteanais incháilithe' dliteanais in-fhortharrthála, lena gcomhlíontar, de réir mar is infheidhme, coinníollacha Airteagal 12c nó phointe (a) d'Airteagal 12g(2) den Rialachán seo, agus ionstraimí Leibhéal 2 lena gcomhlíontar coinníollacha phointe (b) d'Airteagal 72a(1) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013;

(49b) ciallaíonn 'ionstraimí incháilithe fo-ordaithe' ionstraimí a chomhlíonann na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 72a) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013 seachas míreanna (3) go (5) d'Airteagal 72b den Rialachán sin;";

(g) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(55) ciallaíonn 'ceanglas maoláin chomhcheangailte' ceanglas maoláin chomhcheangailte faoi mar a shainmhínítear é in Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE.".

(2) in Airteagal 7(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) leibhéal an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe a shocrú, i gcomhréir le hAirteagal 12 go 12k;";

(3) leasaítear Airteagal 8 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (5):

"5. Leagfar amach sa phlean réitigh roghanna chun na huirlisí réitigh a chur i bhfeidhm agus na cumhachtaí réitigh a fheidhmiú dá dtagraítear sa Rialachán seo maidir leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír de mhír 6:

"Déanfar foráil sa phlean réitigh do na gníomhaíochtaí réitigh a fhéadfaidh an Bord a dhéanamh i gcás ina gcomhlíonfaidh eintiteas dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha maidir le réiteach.

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 9 a nochtadh don eintiteas lena mbaineann.";

(c) i mír 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (o) agus (p):

"(o) na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12f agus 12g agus spriocdháta chun an leibhéal sin a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 12k;

(p) i gcás ina bhfeidhmíonn an Bord Airteagail 12c(4), (5), nó (7), amlíne do chomhlíonadh an eintitis réitigh i gcomhréir le hAirteagal 12k;";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10 Áireofar i bpleananna réitigh grúpa plean maidir le réiteach an ghrúpa dá dtagraítear i mír 1, a mbeidh máthairghnóthas an Aontais atá bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach i gceannas air, agus sainaithneofar ann bearta a bheidh le déanamh i leith an mhéid seo a leanas:

(a) máthairghnóthas an Aontais;

(b) na fochuideachtaí ar cuid den ghrúpa iad agus atá bunaithe san Aontas;

(c) na heintitis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2; agus

(d) faoi réir Airteagal 33, na fochuideachtaí ar cuid den ghrúpa iad agus atá bunaithe lasmuigh den Aontas.

I gcomhréir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, sainaithneofar sa phlean réitigh, na heintitis réitigh agus na grúpaí réitigh do gach grúpa.";

(e) i mír 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

"(a) na gníomhaíochtaí réitigh dá bhforáiltear a leagan amach i ndáil le heintitis réitigh sna cásanna dá bhforáiltear i mír 6 agus impleachtaí na ngníomhaíochtaí réitigh i dtaca le grúpeintitis eile, an máthairghnóthas agus na fo-institiúidí dá dtagraítear i mír 1;

(aa) i gcás ina bhfuil níos mó ná grúpa réitigh amháin i ngrúpa dá dtagraítear i mír 1, gníomhaíochtaí réitigh dá bhforáiltear a leagan amach i ndáil le heintitis réitigh gach grúpa réitigh agus impleachtaí na ngníomhaíochtaí sin i gcás an dá phointe seo a leanas:

(i) grúpeintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa réitigh chéanna;

(ii) grúpaí réitigh eile;

(b) scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a bhféadfaí na huirlisí réitigh a chur i bhfeidhm agus na cumhachtaí réitigh a fheidhmiú maidir le heintitis réitigh atá bunaithe san Aontas ar bhealach comhordaithe, lena n-áirítear bearta ionas gur féidir le tríú páirtí an grúpa ina iomláine a cheannach, nó línte nó gníomhaíochtaí gnó ar leith a sheachadann roinnt grúpeintiteas, nó grúpeintitis nó grúpaí réitigh ar leith, agus aon bhacainní ionchasacha ar réiteach comhordaithe a shainaithint;".

(f) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas le mír (12):

"Déanfar an t-athbhreithniú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo tar éis na gníomhaíochtaí réitigh a chur chun feidhme nó tar éis fheidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 21.

Agus na spriocdhátaí dá dtagraítear i bpointí (o) agus (p) de mhír 9 den Airteagal seo á socrú, sna cúinsí dá dtagraítear sa tríú fhomhír den mhír seo, déanfaidh an Bord an spriocdháta chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104b de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh a chur san áireamh.";

(4) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Measfar go bhfuil grúpa inréitithe i gcás ina mbeidh sé indéanta agus inchreidte go ndéanfadh an Bord grúpeintitis a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta nó iad a réiteach trí uirlisí réitigh a chur i bhfeidhm, agus trí chumhachtaí réitigh a fheidhmiú, i dtaca le heintitis réitigh an ghrúpa sin, agus, a mhéid is mó is féidir, aon iarmhairtí díobhálacha suntasacha a sheachaint i gcórais airgeadais sna Ballstáit ina bhfuil eintitis ar cuid de ghrúpa iad lonnaithe, nó i mBallstáit eile nó san Aontas, lena n-áirítear i gcúinsí lena mbaineann éagobhsaíocht airgeadais níos leithne nó teagmhais ar fud an mhargaidh, d'fhonn a áirithiú go leanfar de na feidhmeanna criticiúla a dhéanann na grúpeintitis sin, i gcás inar féidir iad a dheighilt go héasca agus go tráthúil, nó ar bhealach eile.

Tabharfaidh an Bord fógra do ÚBE go tráthúil i gcás ina measfaidh an Bord nach mbeidh grúpa inréitithe.

I gcás ina mbeidh níos mó ná grúpa réitigh amháin i ngrúpa, déanfaidh an Bord measúnú ar inréititheacht gach grúpa réitigh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Déanfar an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír sa bhreis ar an measúnú ar inréititheacht an ghrúpa ina iomláine.";

(b) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas le mír 9:

"Faoi cheann dhá sheachtain ón dáta a bhfaighfear fógra arna thabhairt i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, molfaidh an t-eintiteas bearta féideartha agus amlíne maidir lena gcur chun feidhme don Bhord, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an t-eintiteas nó an máthairghnóthas Airteagal 12f nó 12g, agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte, i gcás ina n-eascraíonn bac substainteach ar inréititheacht mar thoradh ar cheachtar de na cásanna seo a leanas:

(i) comhlíonann an t-eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte nuair a mheastar é anuas ar gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 141a(1) de Threoir 2013/36/AE, ach ní chomhlíonann sé an ceanglas maoláin chomhcheangailte nuair a mheastar é anuas ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12d agus 12e den Rialachán seo, arna ríomh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2) den Rialachán seo; nó

(ii) ní chomhlíonann an t-eintiteas na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92a agus Airteagal 494 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12d agus 12e den Rialachán seo.

Agus an amlíne faoina gcuirfear chun feidhme na bearta dá dtagraítear sa dara fomhír á moladh aici cuirfidh an t-eintiteasi na cúiseanna atá leis an mbacainn shubstainteach san áireamh. Measfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, an dtabharfar aghaidh, leis na bearta sin, ar an mbacainn shubstainteach lena mbaineann ar bhealach éifeachtach nó an gcuirfear deireadh leis an mbacainn sin.";

(c) leasaítear mír 11 mar a leanas:

(i) i bpointí (i) agus (j) de mhír (11), cuirtear "Airteagal 12f agus Airteagal 12g" in ionad "Airteagal 12";

(ii) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"(k) a cheangal ar eintiteas plean a thíolacadh chun comhlíonadh cheanglais Airteagal 12f agus Airteagal 12g den Rialachán seo a athbhunú, arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta (dá ngairtear freisin risíocht i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus, i gcás inarb infheidhme, leis an gceanglas maoláin chomhcheangailte agus leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12f nó 12g den Rialachán seo arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas na neamhchosanta iomláine dá dtagraítear in Airteagal 429 agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(l) chun a áirithiú go leanfar d'Airteagal 12f nó 12g a chomhlíonadh, a cheangal ar eintiteas an próifíl aibíochta atá acu seo a leanas a athrú:

(i) ionstraimí cistí dílse, tar éis comhaontú na n-údarás inniúil a fháil, lena n-áirítear BCE, agus

(ii) dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 12c agus i bpointe (a) d'Airteagal 12g(2).";

(5) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"*Airteagal 10a*

An chumhacht roinnt dáiltí a thoirmeasc

1. I gcás ina mbeidh an ceanglas maoláin chomhcheangailte á chomhlíonadh ag eintiteas agus an ceanglas sin á mheas sa bhreis ar gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 141a(1) de Threoir 2013/36/AE, ach ina mainníonn sé an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh nuair a dhéantar é a mheas sa bhreis ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 12d agus 12e den Rialachán seo, agus é sin á ríomh i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2) den Rialachán seo, beidh de chumhacht, i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo ag an mBord toirmeasc a chur ar eintiteas, níos mó ná an t-uasmhéid indáilte a bhaineann leis an íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('M-MDA'), arna ríomh i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, a dháileadh, trí aon cheann de na gníomhaíochtaí a leanas:

(a) dáileachán a dhéanamh i ndáil le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc, nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an t-eintiteas an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh; nó

(c) íocaíochtaí a dhéanamh ar ionstraimí Breise Leibhéal 1.

I gcás ina mbeidh eintiteas sa chás dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfaidh sé fógra láithreach don údarás réitigh náisiúnta agus don Bhord maidir leis an mainneachtain sin.

2. Sa chás dá dtagraítear i mír 1, measúnóidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE i gcás inarb infheidhme, gan mhoill neamhriachtanach, cibé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé an chumhacht dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú, agus na gnéithe seo a leanas uile á gcur san áireamh:

(a) cúis, fad agus méid na mainneachtana agus an tionchar atá aici ar inréititheacht;

(b) an fhorbairt ar staid airgeadais an eintitis agus an chosúlacht go ndéanfaidh sé, sa todhchaí intuartha, an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 18(1) a chomhlíonadh;

(c) an t-ionchas go mbeidh an t-eintiteas in ann a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 laistigh de thréimhse ama réasúnta;

(d) i gcás nach mbeidh an t-eintiteas ábalta dliteanais a chur in ionad dliteanais nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta ná aibíochta a leagtar síos in Airteagail 72b agus 72c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 12c nó Airteagal 12g(2) den Rialachán seo a thuilleadh, más rud é go bhfuil an neamhábaltacht sin neamhghnách nó gur tharla sé mar thoradh ar shuaitheadh ar fud an mhargaidh;

(e) arb é feidhmiú na cumhachta dá dtagraítear i mír 1 an modh is leordhóthanaí agus is comhréirí chun aghaidh a thabhairt ar chás an eintitis, ag cur san áireamh, go háirithe, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar choinníollacha maoinithe agus ar inréititheacht an eintitis lena mbaineann.

Déanfaidh an Bord a mheasúnú an athuair faoin gcumhacht dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú nó gan í a fheidhmiú gach mí ar a laghad le linn na mainneachtana a fhad is a leanfaidh an t-eintiteas de bheith sa chás dá dtagraítear i mír 1.

3. Má mheasann an Bord go bhfuil an t-eintiteas fós sa chás dá dtagraítear i mír 1 naoi mí tar éis fógra faoi chás mar sin a fháil ón eintiteas, déanfaidh an Bord, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, i gcás inarb infheidhme, an chumhacht dá dtagraítear i mír 1 a fheidhmiú ach amháin má mheasann an Bord, tar éis an mheasúnaithe, go gcomhlíontar dhá cheann de na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) tarlaíonn an mhainneachtain mar gheall ar shuaitheadh tromchúiseach i bhfeidhmiú na margaí airgeadais, as a eascraíonn strus forleathan sa mhargadh airgeadais i roinnt deighleoga sna margaí airgeadais;

(b) ní hamháin go mbeidh luaineacht mhéadaithe i bpraghas ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe an eintitis nó costais bhreise ar an eintiteas mar thoradh ar an suaitheadh dá dtagraítear i bpointe (a), ach go ndúnfar na margaí go hiomlán nó go páirteach freisin mar thoradh ar an luaineacht sin, rud a chuireann cosc ar an eintiteas ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe a eisiúint ar na margaí sin;

(c) feictear dúnadh na margaí dá dtagraítear i bpointe (b) ní hamháin i gcás an eintitis lena mbaineann ach i gcás roinnt eintitis eile freisin;

(d) leis an suaitheadh dá dtagraítear i bpointe (a) coisctear an t-eintiteas lena mbaineann ó ccistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe a eisiúint atá leordhóthanach chun an mhainneachtain a leigheas; nó

(e) eascraíonn éifeachtaí iarmharta diúltacha as feidhmiú na cumhachta dá dtagraítear i mír 1 do chuid den earnáil baincéireachta, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den chobhsaíocht airgeadais.

I gcás ina mbeidh feidhm ag an eisceacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfaidh an Bord fógra do na húdarás inniúla, lena n-áirítear BCE, i gcás inarb infheidhme, maidir lena chinneadh agus míneoidh sé a mheasúnú i scríbhinn.

Gach mí, déanfaidh an Bord a mheasúnú an athuair ar cibé an bhfuil feidhm ag an eisceacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Ríomhfar M-MDA tríd an tsuim a ríomhfar i gcomhréir le mír 5 a iolrú faoin bhfachtóir a chinnfear i gcomhréir le mír 6. Laghdófar M-MDA le haon mhéid is toradh d'aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) de mhír 1.

5. Beidh sa tsuim atá le hiolrú i gcomhréir le mír 4 na nithe seo a leanas:

(a) aon bhrabúis eatramhacha nach n-áirítear ar chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 de bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, glan ó aon dáileachán brabús nó aon íocaíocht is toradh ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de mhír 1 den Airteagal seo;

móide

(b) aon bhrabúis cinn bliana nach n-áirítear ar chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 de bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, glan ó aon dáileachán brabús nó aon íocaíocht is toradh iad do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) de mhír 1 den Airteagal seo;

lúide

(c) méideanna a bheadh le híoc trí cháin dá mbeadh na hítimí a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo le coimeád.

6. Is mar a leanas a dhéanfar an fachtóir dá dtagraítear i mír 4 a chinneadh:

(a) i gcás gur laistigh den chéad cheathairíl (sin an cheathairíl is ísle) den cheanglas maoláin chomhcheangailte atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an t-eintiteas agus nach n-úsáidtear chun aon cheann de na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus in Airteagail 12d agus 12e den Rialachán seo, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é 0 an fachtóir a bheidh ann;

(b) i gcás gur laistigh den dara ceathairíl den cheanglas maoláin chomhcheangailte atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an t-eintiteas agus nach n-úsáidtear chun aon cheann de na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus faoi Airteagal 12d agus Airteagal 12e den Rialachán seo, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é 0,2 an fachtóir a bheidh ann;

(c) i gcás gur laistigh den tríú ceathairíl den cheanglas maoláin chomhcheangailte atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an t-eintiteas agus nach n-úsáidtear chun aon cheann de na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus in Airteagail 12d agus 12e den Rialachán seo, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é 0,4 an fachtóir a bheidh ann;

(d) i gcás gur laistigh den cheathrú ceathairíl (i.e. an cheathairíl is airde) den cheanglas maoláin chomhcheangailte atá an caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a choinníonn an t-eintiteas agus nach n-úsáidtear chun aon cheann de na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus in Airteagail 12d agus 12e den Rialachán seo, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is é 0,6 an fachtóir a bheidh ann;

Déanfar cuimsí íochtair agus uachtair gach ceathairíle den cheanglas maoláin chomhcheangailte a ríomh mar a leanas:

$$\text{Cuimse íochtar na ceathairíle} = \frac{\text{Ceanglas maoláin chomhcheangailte}}{4} \times (Q_n - 1)$$

$$\text{Cuimse uachtar na ceathairíle} = \frac{\text{Ceanglas maoláin chomhcheangailte}}{4} \times Q_n$$

i gcás ina léiríonn 'Q_n' orduimhir na ceathairíle lena mbaineann.";

(6) Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 12:

"*Airteagal 12*

Íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

1. Déanfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, na ceanglais a chinneadh maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagail 12a go 12i, faoi réir cumhachtaí díluachála agus comhshó, a mbeidh sé de cheangal ar na heintitis agus ar na grúpaí dá dtagraítear in Airteagal 7(2), agus ar na heintitis agus ar na grúpaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(4) agus in Airteagal 7(5) iad a chomhlíonadh gach tráth nuair a chomhlíontar na coinníollacha chun na míreanna seo a chur i bhfeidhm.

2. Déanfaidh eintitis dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear eintitis ar cuid de ghrúpaí iad, an fhaisnéis a chur faoi bhráid údarás réitigh náisiúnta an Bhallstáit rannpháirtigh ina bhfuil siad bunaithe, i gcomhréir le hAirteagal 45i(1), (2) agus (4) de Threoir 2014/59/AE.

Déanfaidh an t-údarás náisiúnta réitigh an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharchur chuig an mBord gan mhoill mhíchuí.

3. Nuair a bheidh pleananna réitigh á ndréachtú i gcomhréir le hAirteagal 9, cinnfidh na húdaráis réitigh náisiúnta, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla agus, na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagail 12a go 12i, faoi réir cumhachtaí díluachála agus comhshó, atá le comhlíonadh gach tráth ag na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 7(3). Maidir leis sin, beidh feidhm ag an nós imeachta a bhunaítear in Airteagal 31.

4. Déanfaidh an Bord aon chinneadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, comhthreomhar le forbairt agus cothabháil na bpleananna réitigh de bhun Airteagal 8.

5. Díreoidh an Bord a chinneadh ar na húdaráis réitigh náisiúnta. Déanfaidh na húdaráis réitigh náisiúnta treoracha an Bhoird a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 29. Cuirfidh an Bord ceangal ar na húdaráis réitigh náisiúnta a fhíorú agus a áirithiú go gcoinneoidh na heintitis agus na grúpaí na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo.

6. Cuirfidh an Bord BCE agus ÚBE ar an eolas faoi na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinnfidh sé do gach eintiteas agus grúpa faoi mhír 1.

7. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach an Airteagail seo a áirithiú, déanfaidh an Bord treoirlínte a eisiúint chuig údaráis réitigh náisiúnta agus treoracha a chur chucu, a bhaineann le heintitis shonracha nó le grúpaí sonracha.

Airteagal 12a

An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a ríomh agus a chur i bhfeidhm

1. Áiritheoidh an Bord agus údaráis réitigh náisiúnta go gcomhlíonfaidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus Airteagal 12(3), i gcónaí, na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcás ina gceanglaítear sin i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 12b go 12i.

2. Ríomhfar an ceanglas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 12d(3), (4) nó (6), de réir mar is infheidhme, mar an méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe agus sloinnfear é sin mar chéatadáin den dá rud a leanas:

(a) méid iomlán neamhchosaint ar riosca an eintitis ábhartha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

(b) tomhas iomlán neamhchosaint an eintitis ábhartha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429 agus Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 12b

Díolmhú ón íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

1. D'ainneoin Airteagal 12a, díolmhóidh an Bord ón gceanglas a leagtar síos in Airteagal 12a(1) institiúidí creidmheasa morgáiste a mhaoinítear le bannaí faoi chumhdach, ar institiúidí iad nach bhfuil ceadacu, taiscí a fháil faoin dlí náisiúnta, ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha seo ar fad a leanas á gcomhlíonadh:

(a) déanfar na hinstitiúidí sin a fhoirceannadh in imeacht dócmhainneachta náisiúnta nó i gcineálacha eile imeachtaí a leagtar síos do na hinstitúidí sin agus a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 38, Airteagal 40 nó Airteagal 42 de Threoir 2014/59/AE do na hinstitiúidí sin; agus

(b) na himeachtaí dá dtagraítear i bpointe (a), áiritheofar go n-iompróidh creidiúnaithe na n-institiúidí sin, lena n-áirítear sealbhóirí bannaí faoi chumhdach, más iomchuí, caillteanais ar shlí lena gcomhlíonfar na cuspóirí réitigh.

2. Ní bheidh institiúidí atá díolmhaithe ón riachtanas a leagtar síos in Airteagal 12(1) páirteach sa chomhdhlúthú dá dtagraítear in Airteagal 12f(1).

Airteagal 12c

Dliteanais incháilithe le haghaidh eintitis réitigh

1. Ní chuimseofar dliteanais i méid chistí dílse agus dhliteanas incháilithe na n-eintiteas réitigh ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha dá dtagraítear sna hAirteagail seo a leanas de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

(a) Airteagal 72a;

(b) Airteagal 72b, cé is moite de phointe (d) de mhír 2; agus

(c) Airteagal 72c.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, i gcás ina dtagraítear sa Rialachán seo do na ceanglais atá in Airteagal 92a nó in Airteagal 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, chun críocha na nAirteagal sin, is éard a bheidh i ndliteanais incháilithe dliteanais incháilithe mar a shainmhínítear iad in Airteagal 72k den Rialachán sin agus mar a chinntear iad i gcomhréir le Caibidil 5a de Theideal I de Chuid a Dó den Rialachán sin.

2. I dtaca le dliteanais a eascraíonn as ionstraimí fiachais ina bhfuil comhpháirt dhíorthach leabaithe, amhail nótaí struchtúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha atá sa chéad fhomhír de mhír 1, cé is moite de phointe (l) d'Airteagal 72a(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní áireofar iad i suim na gcistí dílse agus dliteanais incháilithe ach i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is eol roimh ré príomhshuim na ndliteanas a eascraíonn as an ionstraim fiachais an tráth a eisítear í, tá sí socraithe, nó ag méadú, agus níl aon bheann uirthi ag gné díorthach leabaithe, agus is féidir méid an dliteanais a eascraíonn as an ionstraim fiachais, lena n-áirítear an díorthach leabaithe, a luacháil ar bhonn laethúil i leith margadh dhá threo gníomhach agus leachtach d'ionstraim choibhéiseach gan riosca creidmheasa, i gcomhréir le hAirteagail 104 agus 105 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; nó

(b) áirítear mar chuid den ionstraim fiachais téarma conarthach ina sonraítear, i gcásanna dócmhainneachta an eisitheora agus i gcásanna réitigh an eisitheora, go bhfuil luach an éilimh socraithe nó ag méadú, agus nach dtéann sé níos airde ná an tsuim tosaigh a íocadh i leith an dliteanais.

I dtaca le hionstraimí fiachais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear a gcuid díorthach leabaithe, ní bheidh siad faoi réir aon chomhaontú glanluachála agus ní bheidh luacháil ionstraimí den sórt sin faoi réir Airteagal 49(3) de Threoir 2014/59/AE.

Ní chuimseofar na dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír i méid na gcistí dílse agus na ndliteanas incháilithe ach i gcás na coda a chomhfhreagróidh don phríomhshuim dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír sin nó don tsuim shocraithe nó mhéadaitheach dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír sin.

3. Maidir le dliteanais arna n-eisiúint ag fochuideachta atá bunaithe san Aontas do scairshealbhóir atá ann cheana nach cuid den ghrúpa réitigh céanna é, agus ar cuid den ghrúpa réitigh céanna leis an eintiteas réitigh an fhochuideachta sin, cuimseofar na dliteanais sin i méid chistí dílse agus dhliteanas incháilithe an eintitis réitigh sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) déantar iad a eisiúint i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12g(2);

(b) nach ndéantar difear, le feidhmiú na cumhachta díluachála nó comhshó maidir leis na dliteanais sin i gcomhréir le hAirteagal 21, don rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta;

(c) nach mó iad ná an méid a chinntear trí:

(i) shuim na ndliteanas a eisítear don eintiteas réitigh agus a cheannaíonn an t-eintiteas réitigh sin go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna agus méid na gcistí dílse a eisítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 12g(2) a bhaint den

(ii) mhéid is gá i gcomhréir le hAirteagal 12g(1).

4. Gan dochar don íoscheanglas atá in Airteagal 12d(4) nó pointe (a) d'Airteagal 12e(1), áiritheoidh an Bord, ar a thionscnamh féin i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an údarás réitigh náisiúnta nó ar mholadh ó údarás réitigh náisiúnta, go ndéanfaidh eintitis réitigh ar GSIInna iad nó ar eintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12d(4) nó (5) iad, cuid den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f, cuid atá comhionann le 8 % de na dliteanais iomlána, lena n-airítear cistí dílse, de chuid eintitis réitigh a chomhlíonadh lena gcistí dílse féin agus le hionstraimí, nó le dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo. Féadfaidh an Bord a cheadú go gcomhlíonfaidh údaráis réitigh ar GSIInna iad nó ar eintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12d(4) nó (5) iad, leibhéal is ísle ná 8 % d'iomlán na ndliteanas, lena n-áirítear cistí dílse, de chuid eintitis réitigh ach is airde ná an méid is toradh do chur i bhfeidhm na foirmle (1-X1/X2) × 8 % de na dliteanais iomlána, lena n-áirítear cistí dílse, de chuid eintitis réitigh a chomhlíonadh lena gcistí dílse féin agus le hionstraimí, nó le dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 72b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus i gcás, agus teorann chionroinnt an laghdaithe is ceadmhach faoi Airteagal 72b(3) den Rialachán sin á hurramú, inar fíor an méid a leanas:

X1 = 3,5 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

X2 = suim 18 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus méid an cheanglais maoláin chomhcheangailte.

I dtaca le heintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12d(4), i gcás inar ceanglas is airde ná 27 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca is toradh do chur i bhfeidhm na fomhíre roimhe seo, teorannóidh an Bord, le haghaidh eintitis réitigh, an chuid sin den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f a chomhlíonfar trí chistí dílse, trí ionstraimí fo-ordaithe incháilithe, nó trí dhliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a úsáid, chuig méid atá comhionann le 27 % de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca, agus déanfaidh an Bord an teorannú sin má mheasann sé gur fíor an méid seo a leanas:

(a) ní mheastar go bhfuil an rogha ann an t-eintiteas réitigh sin a réiteach sa phlean réitigh trí rochtain a thabhairt ar an gCiste, agus

(b) i gcás nach mbeidh feidhm ag pointe (a), ligtear don eintiteas réitigh, de bhíthin an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 12f, an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 27(7) a chomhlíonadh.

Agus an measúnú dá dtagraítear sa dara fhomhír á dhéanamh aige, déanfaidh an Bord an riosca maidir le tionchar díréireach ar mhúnla gnó an eintitis réitigh lena mbaineann a chur san áireamh.

Níl feidhm ag an dara fomhír den mhír seo maidir le heintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12d(5).

5. I gcás eintitis réitigh nach GSIInna ná eintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12d(4) nó (5) den Rialachán seo iad, féadfaidh an Bord a chinneadh, ar a thionscnamh féin i ndiaidh dul i gcomhairle leis an údarás réitigh náisiúnta nó ar mholadh ó údarás réitigh náisiúnta, go gcomhlíonfaidh siad cuid den cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f den Rialachán seo suas le cibé acu is airde, 8 % de dhliteanais iomlána an eintitis nó na foirmle dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo, lena n-áirítear cistí dílse, le cistí dílse, le hionstraimí incháilithe fo-ordaithe, nó dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an rangú tosaíochta céanna ag dliteanais neamh-fho-ordaithe san ordlathas dócmhainneachta náisiúnta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus atá ag dliteanais atá eisiata ó chur i bhfeidhm na gcumhachtaí díluachála agus comhshó i gcomhréir le hAirteagal 27(3) nó Airteagal 27(5);

(b) tá riosca ann, mar gheall ar chur i bhfeidhm pleanáilte cumhachtaí díluachála agus comhshó maidir leis na dliteanais neamh-fho-ordaithe nach bhfuil eisiata ó chur i bhfeidhm cumhachtaí díluachála agus comhshó i gcomhréir le hAirteagal 27(3) nó Airteagal 27(5), go dtabhóidh creidiúnaithe, ag a bhfuil éilimh a thiocfaidh as na dliteanais sin, caillteanais níos mó ná mar a thabhódh siad dá ndéanfaí foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta;

(c) níl méid na gcistí dílse agus na ndliteanas fo-ordaithe eile os cionn an méid is gá chun a áirithiú nach dtabhóidh creidiúnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) caillteanais os cionn leibhéal na gcaillteanas a thabhóidís, ar shlí eile, dá ndéanfaí an t-eintiteas réitigh a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta.

I gcás ina gcinnfidh an Bord gurb amhlaidh, laistigh d'aicme dliteanas lena gcuimsítear dliteanais incháilithe, gur mó é méid na ndliteanas a eisiatar nó a bhfuil sé réasúnta dóchúil go n-eisiafar iad ó chur i bhfeidhm na gcumhachtaí díluachála agus comhshó i gcomhréir le hAirteagal 27(3) nó Airteagal 27(5), gur mó é ná 10 % den aicme sin, déanfaidh sé an riosca dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo a mheasúnú.

6. Chun críocha mhír 4, mhír 5 agus mhír 7, áireofar dliteanais díorthach sna dliteanais iomlán ar an mbonn go dtugtar lánaitheantas do chearta glanluachála contrapháirtí.

Cistí dílse de chuid eintiteas réitigh a úsáidtear chun an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh, beidh siad incháilithe chun an ceanglas dá dtagraítear i mír 4, i mír 5 agus i mír 7 a chomhlíonadh.

7. De mhaolú ar mhír 3 den mhír seo, féadfaidh an Bord a chinneadh gur eintitis réitigh, ar GSIInna iad nó ar eintitis réitigh atá faoi réir Airteagal 12d(4) agus (5) den Rialachán seo iad, a dhéanfaidh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12f a chomhlíonadh, le cistí dílse, le hionstraimí, nó le dliteanais dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, a mhéid nach airde suim na gcistí dílse, na n-ionstraimí, ná na ndliteanas sin, mar gheall ar an oibleagáid atá ar an eintiteas réitigh cloí leis an gceanglas maoláin chomhcheangailte, Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal 12d(4), agus Airteagal 12f den Rialachán seo, ná an tsuim is airde díobh seo a leanas:

(a) 8 % de dhliteanais iomlána, lena n-áirítear cistí dílse an eintitis, nó

(b) an méid is toradh do chur i bhfeidhm na foirmle A × 2 + B × 2 + C, nuair is iad A, B agus C agus na méideanna seo a leanas:

A = an méid a eascraíonn as an gceanglas dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

B = an méid a eascraíonn as an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE;

C = an méid a eascraíonn as an gceanglas maoláin chomhcheangailte.

8. Féadfaidh an Bord an chumhacht dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a fheidhmiú ar na heintitis réitigh ar G-SIInna iad nó atá faoi réir mhír (4) nó mhír (5) d'Airteagal 12d, agus a chomhlíonann ceann de na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo, ar choinníoll nach mó líon na n-eintiteas réitigh a shainaithnítear ná 30 % de na heintitis réitigh ar G-SIInna iad nó atá faoi réir mhír (4) nó mhír (5) d'Airteagal 12d a gcinnfidh an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f ina leith.

Is iad seo thíos na coinníollacha a dhéanfaidh an Bord a mheas:

(a) táthar tar éis bacainní substaintiúla ar inréiteacht a shainaithint sa mheasúnú inréiteachta roimhe sin, agus:

(i) ní dhearnadh aon ghníomhaíocht feabhais tar éis chur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 10(11), san amlíne a éilíonn an Bord; nó

(ii) ní féidir aghaidh a thabhairt ar na bacainní substaintiúla a sainaithníodh le haon cheann de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 10(11), agus dhéanfaí tionchar diúltach na bacainne substaintí ar inréiteacht a chúiteamh go páirteach nó go hiomlán tríd an gcumhacht dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo a fheidhmiú; nó

(b) measfaidh an Bord go bhfuil teorainn le hindéantacht agus le creidiúnacht straitéis réitigh tosaíochta an eintitis réitigh, agus aird á tabhairt ar mhéid agus ar idirnascacht an eintitis, ar nádúr, ar raon feidhme, ar riosca agus ar chastacht ghníomhaíochtaí an eintitis, ar a stádas dlíthiúil agus ar a struchtúr scairshealbhóireachta; nó

(c) is léiriú iad na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE gur G-SII atá san eintiteas réitigh nó go bhfuil sé faoi réir d'Airteagal 12d(4) nó (5) den Rialachán seo agus ar eintiteas é de chuid an 20 % is airde de na hinstitiúidí, i dtéarmaí riosca de, a gcinneann an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a (1) den Rialachán seo ina leith.

Chun críocha na gcéatadán dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, déanfaidh an Bord an uimhir a eascróidh as an ríomh a shlánú suas go dtí an uimhir iomlán is gaire.

9. Tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, BCE san áireamh, déanfaidh an Bord na cinntí dá dtagraítear i mír 5 nó 7.

Agus na cinntí sin á ndéanamh aige, beidh aird ag an mBord ar an méid seo a leanas:

(a) doimhneacht an mhargaidh d'ionstraimí cistí dílse agus d'ionstraimí incháilithe fo-ordaithe an eintitis réitigh, praghsáil na n-ionstraimí sin, i gcás inarb ann dóibh, mar aon leis an am a theastóidh chun idirbhearta a chur i gcrích a bhfuil gá leo chun go gcomhlíonfar an cinneadh;

(b) méid na n-ionstraimí dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhfuil aibíocht iarmhair acu is giorra ná aon bhliain amháin ón dáta a ndearnadh an cinneadh d'fhonn coigeartuithe cainníochtúla a dhéanamh ar na ceanglais dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 7 den Airteagal seo;

(c) infhaighteacht agus líon na n-ionstraimí a chomhlíonann na coinníollacha uile dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas pointe (d) d'Airteagal 72b(2) den Rialachán sin;

(d) an suntasach, le hais dliteanais incháilithe agus chistí dílse an eintitis réitigh, líon na ndliteanas a eisiatar ó chur i bhfeidhm na gcumhachtaí díluachála agus comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 27(3) nó le hAirteagal 27(5) agus a bhfuil a rangú, i ngnáthimeachtaí dócmhainneachta comhionann le rangú na ndliteanas incháilithe is airde, nó a bhfuil a rangú faoi bhun rangú na ndliteanas sin. I gcás nach mó méid na ndliteanas eisiata ná 5 % de mhéid na gcistí dílse agus de mhéid dhliteanas incháilithe an eintitis réitigh, measfar nach suntasach an méid eisiata. Os cionn na teorann sin, déanfaidh an Bord a shuntasaí atá na dliteanais eisiata a mheasúnú.

(e) samhail ghnó, samhail mhaoinithe, agus próifíl riosca an eintitis réitigh, chomh maith lena chobhsaíocht agus a chumas rannchuidiú leis an ngeilleagar; agus

(f) an tionchar a bheadh ag costais fhéideartha athstruchtúrúcháin ar athchaipitliú an eintitis réitigh.

Airteagal 12d

An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinneadh

1. Is é an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, BCE san áireamh, a chinnfidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1), agus déanfaidh sé sin ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

(a) an gá a áirithiú gur féidir an grúpa réitigh a réiteach trí na huirlisí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an uirlis fortharrthála, a chur i bhfeidhm ar an eintiteas réitigh ar chaoi ina gcomhlíonfar na cuspóirí réitigh;

(b) an gá a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, go mbeidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe leordhóthanacha ag an eintiteas réitigh agus ag a fhochuideachtaí ar institiúidí nó eintitis iad dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus (3) iad ach nach eintitis réitigh iad, chun a áirithiú, dá gcuirfí an uirlis fortharrthála nó na cumhachtaí díluachála agus comhshó i bhfeidhm maidir leo, faoi seach, gur féidir caillteanais a ionsú agus cóimheas caipitil iomlán agus, de réir mar is infheidhme, cóimheas luamhánaithe na n-eintiteas ábhartha a athbhunú go dtí an leibhéal is gá chun gur féidir leo leanúint de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le húdarú agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil siad údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE nó Treoir 2014/65/AE;

(c) an gá a áirithiú gur leor, i gcás ina dtuarfar sa phlean réitigh gur féidir go n-eisiafaí aicmí áirithe dliteanas incháilithe ón bhfortharrtháil de bhun Airteagal 27(5) nó go n-aistreofaí iad chuig faighteoir go hiomlán faoi pháirt-aistriú, gur leor na cistí dílse agus na dliteanais incháilithe eile atá ag eintiteas réitigh chun a áirithiú gur féidir caillteanais a ionsú agus gur féidir an cóimheas caipitil iomlán, agus i gcás inarb infheidhme, cóimheas luamhánaithe an eintitis réitigh a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal is gá chun gur féidir leis leanúint de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le húdarú agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil sé údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE nó Treoir 2014/65/AE;

(d) méid, samhail ghnó, samhail mhaoinithe agus próifíl riosca an eintitis;

(e) a mhéid a dhéanfadh cliseadh an eintitis dochar don chobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear trí aicídiú chuig institiúidí nó eintitis eile mar gheall ar idirnascthacht an eintitis le hinstitiúidí nó eintitis eile nó leis an gcuid eile den chóras airgeadais.

2. I gcás ina bhforáiltear sa phlean réitigh go bhfuil gníomhaíocht réitigh le déanamh, nó go bhfuil an chumhacht chun ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil agus a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 le feidhmiú; i gcomhréir leis an gcás ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8(6), beidh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) cothrom le méid ar leor é chun a áirithiú:

(a) go n-ionsúfar go hiomlán na caillteanais a mheastar a thabhóidh an t-eintiteas ('ionsú caillteanais');

(b) go n-athchaipitleofar an t-eintiteas réitigh, agus a fhochuideachtaí ar institiúidí dá dtagraítear in Airteagal 12(1) nó (3) iad ach nach eintitis réitigh iad, go dtí an leibhéal is gá chun a chumasú dóibh leanúint de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le húdarú agus leanúint de na gníomhaíochtaí a bhfuil siad údaraithe ina leith faoi Threoir 2013/36/AE, Treoir 2014/65/AE nó gníomh reachtach coibhéiseach ar feadh tréimhse ama iomchuí nach faide ná aon bhliain ('athchaipitliú').

I gcás ina bhforáiltear sa phlean réitigh go bhfuil an t-eintiteas le foirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta, nó faoi nósanna imeachta náisiúnta coibhéiseacha eile, measfaidh an t-údarás réitigh cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le teorannú a dhéanamh ar an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) le haghaidh an eintitis sin ionas nach mbeidh sé os cionn méid ar leor é chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír.

Sa mheasúnú a dhéanfaidh an Bord, déanfar meastóireacht, go háirithe, ar an teorainn dá dtagraítear sa dara fomhír maidir le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcobhsaíocht airgeadais agus ar an riosca aicídithe i ndáil leis an gcóras airgeadais.

3. I gcás eintitis réitigh, is éard a bheidh sa mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 an méid seo a leanas:

(a) chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a ríomh, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2), suim na méideanna seo a leanas:

(i) an méid caillteanas atá le hionsú i réiteach a chomhfhreagraíonn do cheanglais an eintitis réitigh dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite;

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an ngrúpa réitigh, a tháinig as réiteach, comhlíonadh a cheanglais cóimheasa caipitil iomlán dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a athbhunú agus comhlíonadh a cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite tar éis stráitéis réitigh na tosaíochta a chur chun feidhme; agus

(b) chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a ríomh, i gcomhréir le pointe b) d'Airteagal 12a(2), suim na méideanna seo a leanas:

(i) an méid caillteanas atá le hionsú i réiteach a chomhfhreagraíonn do cheanglas chóimheas luamhánaithe an eintitis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite; agus

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an ngrúpa réitigh a tháinig as réiteach comhlíonadh an cheanglais cóimheasa luamhánaithe dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a athbhunú ar leibhéal an ghrúpa réitigh chomhdhlúite tar éis stráitéis réitigh na tosaíochta a chur chun feidhme.

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 12a(2), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadáin mar an méid a ríomhfar i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo roinnte ar mhéid na neamhchosanta ar riosca iomlán.

Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 12a(2), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadáin mar an méid a ríomhfar i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, roinnte ar thomhas na neamhchosanta iomláine.

Nuair a bheidh an ceanglas aonair dá bhforáiltear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo á shocrú aige, cuirfidh an Bord san áireamh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 27(7).

Agus na méideanna athchaipitliúcháin dá dtagraítear sna fomhíreanna roimhe seo á socrú aige, déanfaidh an Bord an méid seo a leanas:

(a) leas a bhaint as na luachanna tuairiscithe is déanaí le haghaidh mhéid iomlán ábhartha na neamhchosanta ar riosca nó le haghaidh thomhas iomlán na neamhchosanta, arna choigeartú le haghaidh aon athruithe a thagann as gníomhaíochtaí réitigh a leagtar amach sa phlean réitigh; agus

(b) tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, BCE san áireamh, an méid a chomhfhreagraíonn don cheanglas atá ann faoi láthair dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE a choigeartú síos nó suas chun an ceanglas atá le cur i bhfeidhm a chinneadh maidir leis an eintiteas réitigh tar éis chur chun feidhme straitéis réitigh na tosaíochta.

Beidh an Bord in ann an ceanglas dá bhforáiltear i bpointe (a) (ii) den chéad fhomhír a mhéadú le méid iomchuí is gá chun a áirithiú go gcothóidh an t-eintiteas muinín mhargaidh leordhóthanach, tar éis an réitigh, ar feadh tréimhse ama iomchuí, nach faide ná bliain amháin.

I gcás ina mbeidh feidhm ag an séú fomhír den mhír seo, beidh an méid dá dtagraítear san fhomhír sin in ionannas leis an ceanglas maoláin chomhcheangailte atá le feidhm a bheith aige lúide an méid dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe (6) d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE.

Déanfar an méid dá dtagraítear sa séu fomhír den mhír seo a choigeartú in ísle, más rud é, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, BCE san áireamh, go gcinnfidh an Bord, gur indéanta agus inchreidte é gur leordhóthanach méid níos ísle chun muinín an mhargaidh a chaomhnú agus lena háirithiú go leanfaidh an institiúid nó eintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) d'fheidhmeanna criticiúla eacnamaíochta an ghrúpa réitigh a sholáthar agus go mbeidh rochtain ar mhaoiniú gan gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách seachas ranníocaíochtaí ón gCiste, i gcomhréir le hAirteagal 27(7) agus Airteagal 76(3) agus, tar éis chur chun feidhme na straitéise réitigh. Déanfar an méid sin a ardú más rud é, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, go gcinnfidh an Bord gur gá leibhéal níos airde chun muinín mhargaidh leordhóthanach a chothú agus lena háirithiú go leanfaidh an institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 12(1) d'fheidhmeanna criticiúla eacnamaíochta an ghrúpa réitigh a sholáthar agus go mbeidh rochtain ar mhaoiniú gan gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách seachas ranníocaíochtaí ón gCiste, i gcomhréir le hAirteagal 27(7) agus le hAirteagal 76(3), ar feadh tréimhse iomchuí ama nach faide ná bliain amháin.

4. Le haghaidh eintitis réitigh nach bhfuil faoi réir Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus atá mar chuid de ghrúpa réitigh ar mó ná EUR 100 billiún a shócmhainní iomlána, beidh leibhéal an cheanglais dá dtagraítear i mír 3 den mhír seo ar a laghad cothrom:

(a) le 13,5 % nuair a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2), agus

(b) le 5 % nuair a ríomhtar i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 12a(2).

De mhaolú ar Airteagal 12c, na heintitis réitigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, comhlíonfaidh siad leibhéal an cheanglais dá dtagraítear sa mhír seo, atá cothrom le 13,5 % nuair a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2) agus cothrom le 5 % nuair a ríomhtar i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 12a(2), nó le dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 12c(3) den Rialachán seo.

5. Arna iarraidh sin d'údarás náisiúnta réitigh de chuid eintiteas réitigh, déanfaidh an Bord na ceanglais a leagtar síos i mír 4 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le heintiteas réitigh nach bhfuil faoi réir Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus atá mar chuid de ghrúpa réitigh ar lú ná EUR 100 billiún a shócmhainní iomlána, agus a measfaidh an Bord gur dócha go réasúnta, dar leis an údarás náisiúnta réitigh, riosca sistéamach a bheith ag gabháil leis i gcás a chliste.

Agus cinneadh á dhéanamh iarraidh a dhéanamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh an t-údarás náisiúnta réitigh an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) leitheadúlacht taiscí, agus neamhláithreacht ionstraimí fiachais, sa tsamhail chistiúcháin;

(b) a mhéid atá rochtain theoranta ar na margaí caipitil le haghaidh dliteanais incháilithe teoranta;

(c) a mhéid a bhraitheann an t-eintiteas réitigh ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 chun freastal ar an riachtanas dá dtagraítear in Airteagal 12f.

Iarraidh ón-údarás náisiúnta réitigh de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo gan bheith ann, ní dochar an easpa iarraidh sin d'aon chinneadh ón mBord faoi Airteagal 12c(5)

6. I gcás eintitis nach eintitis réitigh iontu féin iad, is éard a bheidh sa mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 an méid seo a leanas:

(a) chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a ríomh, i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 12a(2), suim na méideanna seo a leanas:

(i) an méid caillteanais atá le hionsú a chomhfhreagraíonn do cheanglais an eintitis réitigh dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE; agus

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an eintiteas an comhlíonadh lena cheanglas i leith a chóimheasa caipitil iomláin dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 92(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus lena cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE, a athbhunú, tar éis fheidhmiú na cumhachta chun ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo nó tar éis réiteach an ghrúpa réitigh; agus

(b) chun an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a ríomh, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 12a(2), suim na méideanna seo a leanas:

(i) an méid caillteanais atá le hiompar a chomhfhreagraíonn do chóimheas luamhánaithe an eintitis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 92(1); agus

(ii) méid athchaipitliúcháin lenar féidir leis an eintiteas comhlíonadh an cheanglais cóimheasa luamhánaithe dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a athbhunú, tar éis fheidhmiú na cumhachta chun ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo nó réiteach an ghrúpa réitigh.

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 12a(2)(a), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadán mar an méid a ríomhadh i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo roinnte ar mhéid na neamhchosanta ar riosca iomlán.

Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 12a(2)(b), sloinnfear an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) i dtéarmaí céatadán mar an méid a ríomhadh i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, roinnte ar thomhas na neamhchosanta iomláine.

Nuair a bheidh an ceanglas aonair dá bhforáiltear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo á shocrú aige, cuirfidh an Bord san áireamh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 27(7).

Agus na méideanna athchaipitliúcháin dá dtagraítear sna fomhíreanna roimhe seo á socrú aige, déanfaidh an Bord:

(a) leas a bhaint as na luachanna tuairiscithe is déanaí le haghaidh mhéid iomlán ábhartha na neamhchosanta ar riosca nó thomhas iomlán na neamhchosanta, arna choigeartú le haghaidh'aon athruithe de toradh ar gníomhartha leagtar amach sa phlean athstructúraithe; agus

(b) tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla lena n-áirítear BCE, an méid a chomhfhreagraíonn don cheanglas atá ann faoi láthair dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE a choigeartú aníos nó anuas chun an ceanglas atá le feidhm a bheith aige a chinneadh maidir leis an eintiteas ábhartha tar éis fheidhmiú na cumhachta chun ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo nó tar éis réiteach an ghrúpa réitigh.

Beidh an Bord in ann an ceanglas dá bhforáiltear i bpointe (a)(ii) den chéad fhomhír den mhír seo a mhéadú méid iomchuí is gá chun a áirithiú, tar éis fheidhmiú na cumhachta chun ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21, go leanfaidh an t-eintiteas de na coinníollacha maidir le húdarú a chomhlíonadh agus go mbeidh sé in ann muinín mhargaidh leordhóthanach a chothú ar feadh tréimhse iomchuí ama nach faide ná bliain amháin.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an séú fomhír den mhír seo, beidh an méid dá dtagraítear san fhomhír sin ionann agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte atá le feidhm a bheith aige tar éis fheidhmiú na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 21 nó tar éis réiteach an ghrúpa réitigh, lúide an méid dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe (6) d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE.

Déanfar an méid dá dtagraítear sa séú fomhír den mhír seo a ísliú, más rud é, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla lena n-áirítear BCE, go gcinnfidh an Bord, gur indéanta agus inchreidte é gur leordhóthanach méid níos ísle chun muinín an mhargaidh a áirithiú agus chun a áirithiú go leanfaidh an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 12(1) d'fheidhmeanna criticiúla eacnamaíochta a sholáthar agus go mbeadh rochtain ar mhaoiniú gan gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách seachas ranníocaíochtaí ón gCiste, i gcomhréir le hAirteagal 27(7) agus le hAirteagal 76(3), tar éis fheidhmiú na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 21, nó tar éis

réiteach an ghrúpa réitigh. Déanfar an méid sin a ardú más rud é, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, go gcinnfidh an Bord gur gá leibhéal níos airde chun muinín mhargaidh leordhóthanach a chothú agus lena áirithiú go leanfaidh an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 12(1) d'fheidhmeanna criticiúla eacnamaíochta a sholáthar agus go mbeadh rochtain ar mhaoiniú gan gá le tacaíocht airgeadais phoiblí urghnách seachas ranníocaíochtaí ón gCiste, i gcomhréir le hAirteagal 27(7) agus le hAirteagal 76(3), ar feadh tréimhse iomchuí ama nach faide ná bliain amháin.

7. I gcás inar dóigh leis an mBord go bhfuil sé réasúnta dóchúil go n-eisiafar, go hiomlán nó go páirteach, aicmí áirithe dliteanas incháilithe ón bhfortharrtháil de bhun Airteagal 27(5) nó go bhféadfadh sé go n-aistreofaí iad go iomlán chuig faighteoir in aistriú páirteach, déanfar an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a chomhlíonadh le cistí dílse nó dliteanais incháilithe eile ar leor iad chun:

(a) méid na ndliteanas eisiata a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 27(5) a chumhdach;

(b) a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2.

8. In aon chinneadh de chuid an Bhoird íoscheanglas cistí dílse agus dliteanas incháilithe a fhorchur faoin Airteagal seo, beidh na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin, lena n-áirítear measúnú iomlán ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 2 go mír 7 den Airteagal seo, agus déanfaidh an Bord athbhreithniú air gan aon mhoill mhíchuí chun aon athruithe ar leibhéal an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE a léiriú.

9. Chun críocha mhír 3 agus mhír 6 den Airteagal seo, léireofar na ceanglais chaipitil i gcomhréir leis an gcur i bhfeidhm a dhéanann an t-údarás inniúil ar na forálacha idirthréimhseacha a leagtar síos i gCaibidil 1, Caibidil 2 agus Caibidil 4 de Theideal I de Chuid a Deich de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i bhforálacha na reachtaíochta náisiúnta lena bhfeidhmítear na roghanna a tugadh do na húdaráis inniúla leis an Rialachán sin.

Airteagal 12e

An t-íoscheanglas a chinneadh maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe i gcás eintitis réitigh de chuid G-SIInna agus fochuideachtaí ábhartha de G-SIInna nach G-SIInna de chuid an Aontais iad

1. Beidh na nithe seo a leanas sa cheanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) d'eintiteas réitigh ar G-SII nó cuid de G-SII é:

(a) na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92a agus Airteagal 494 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

(b) aon cheanglas breise maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinnfidh an Bord a bhaineann go sonrach leis an eintiteas i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

2. Is iad na ceanglais seo a leanas a bheidh sa cheanglas, dá dtagraítear in Airteagal 12a(1), maidir le fochuideachta ábhartha de G-SIInna nach G-SIInna de chuid an Aontais í:

(a) na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92b agus Airteagal 494 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

(b) aon cheanglas breise maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinnfidh an Bord go sonracha i dtaca leis an bhfochuideachta ábhartha sin i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, ceanglas a chomhlíonfar le cistí dílse agus dliteanais a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 12g agus Airteagal 92b(2) de Rialachán (AE) 575/2013.

3. Ní fhorchuirfidh an Bord ceanglas breise le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 agus i bpointe (b) de mhír (2) ach amháin sa chás seo a leanas:

(a) i gcás nach leor an ceanglas dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 nó i bpointe (a) de mhír 2 den Airteagal seo chun na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12d; agus

(b) go feadh méid a áiritheofar go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12d.

4. In aon chinneadh ón mBord ceanglas breise cistí dílse agus dliteanas incháilithe a fhorchur faoi phointe (b) de mhír 1 nó faoi phointe (b) de mhír 2 den Airteagal seo, beidh na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin, lena n-áirítear measúnú iomlán ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, agus déanfaidh an Bord athbhreithniú air gan aon mhoill mhíchuí chun aon athruithe a léiriú ar leibhéal an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE is infheidhme maidir leis an ngrúpa réitigh nó fochuideachtaí ábhartha de G-SIInna nach G-SIInna de chuid an Aontais iad.

Airteagal 12f

An t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chinneadh a chur i bhfeidhm maidir le heintitis réitigh

1. Comhlíonfaidh eintitis réitigh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12c go hAirteagal 12e ar bhonn comhdhlúite ar leibhéal an ghrúpa réitigh.

2. Cinnfidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle le húdarás réitigh ar leibhéal an ghrúpa, murarb an Bord an t-údarás sin, agus leis an maoirseoir comhdhlúthaithe, an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar eintiteas réitigh atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach ar leibhéal an ghrúpa chomhdhlúite, ar bhonn na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 12c go hAirteagal 12e agus ar bhonn cé acu atá nó nach bhfuil fochuideachtaí thríú tír an ghrúpa le réiteach ar leithligh i gcomhréir leis an bplean réitigh.

3. I gcás grúpaí réitigh a shainaithnítear i bpointe (b) de phointe (24b) d'Airteagal 3(1), cinnfidh an Bord, ag brath ar ghnéithe an tsásra dlúthpháirtíochta agus na straitéise réitigh tosaíochta roghnaithe, cé na heintitis sa ghrúpa réitigh a mbeidh sé de cheangal orthu Airteagal 12d(3) agus (4) agus Airteagal 12e(1) a chomhlíonadh, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an grúpa réitigh ina iomláine an ceanglas dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus an chaoi a ndéanfaidh na heintitis sin i gcomhréir leis an bplean réitigh.

Airteagal 12g

An t-íoscheanglas institiúid-sonrach maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chur i bhfeidhm maidir le heintitis nach eintitis réitigh iad féin

1. Comhlíonfaidh institiúidí ar fochuideachtaí d'eintiteas réitigh nó d'eintiteas tríú tír iad, ach nach eintitis iad féin, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 12d ar bhonn aonair.

Féadfaidh an Bord, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla, lena n-áirítear BCE, a chinneadh an ceanglas a leagtar síos san Airteagal sin a chur i bhfeidhm ar eintiteas dá dtagraítear i bpointí (b) d'Airteagal 2 de Threoir 2014/2/AE ar fochuideachta d'eintiteas réitigh é ach nach eintiteas réitigh ann féin é.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, déanfaidh máthairghnóthais de chuid an Aontais nach eintitis réitigh iad féin ach is fochuideachtaí de chuid eintiteas tríú tír iad, na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 12d agus 12e a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite.

I dtaca le grúpaí réitigh arna sainaithint i gcomhréir le pointe (24b) d'Airteagal 3(1), leis na hinstitiúidí creidmheasa sin atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, ach nach eintitis réitigh iad féin, agus le haon eintitis réitigh nach bhfuil faoi réir ceanglais faoi Airteagal 12f(3), comhlíonfaidh siad Airteagal 12d(6) ar bhonn aonair.

An ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar eintitis dá dtagraítear sa mhír seo, cinnfear é ar bhonn na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 12d.

2. Déanfar an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar eintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a úsáid:

(a) dliteanais ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) eisítear iad don eintiteas réitigh agus ceannaíonn an t-eintiteas sin iad, go díreach nó go hindíreach, trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna a cheannaigh na dliteanais ón eintiteas atá faoi réir an Airteagail seo, nó eisítear iad do scairshealbhóir atá ann cheana nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna agus arb é an scairshealbhóir sin a cheannaíonn iad, chomh fada agus nach ndéantar difear, le feidhmiú na cumhachta díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagal 21, don rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta;

(ii) comhlíonann siad na critéir incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh 575/2013, cé is moite de phointí (b), (c), (k), (l) agus (m) d'Airteagal 72b(2) agus Airteagal 72b(3) go (5) den Rialachán sin;

(iii) rangaítear iad, de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta, níos ísle ná dliteanais nach gcomhlíonann an coinníoll dá dtagraítear i bpointe (1) agus nach bhfuil incháilithe i dtaca le ceanglais cistí dílse;

(iv) tá siad faoi réir na cumhachta díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagal 21 ar shlí atá comhsheasmhach le straitéis réitigh an ghrúpa réitigh, is é sin go háirithe gan difear a dhéanamh don rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta;

(v) ní dhéanann an institiúid, go díreach nó go hindíreach, úinéireacht a fháil na n-ionstraimí sin a chistiú;

(vi) ní thugtar le fios go sainráite ná go hintuigthe sna forálacha maidir leis na dliteanais go ndéanfaí na dliteanais a cheannach, a fhuascailt, a athcheannach nó a aisíoc go luath, de réir mar is infheidhme, ag an eintiteas faoi réir an Airteagail seo, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú an eintitis agus ní thugann an t-eintiteas sin an méid sin le fios ar aon slí eile;

(vii) ní thugann na forálacha maidir leis na dliteanais an ceart don sealbhóir dlús a chur faoi íocaíocht sceidealta an úis nó na príomhshuime amach anseo, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú an eintitis atá faoi réir an Airteagail seo;

(viii) ní dhéantar an leibhéal úis nó na híocaíochtaí díbhinne, de réir mar is infheidhme, a bheidh dlite i leith na ndliteanas, a leasú ar bhonn acmhainneacht chreidmheasa an eintitis atá faoi réir an Airteagail seo nó ar bhonn acmhainneacht chreidmheasa a mháthairghnóthais;

(b) cistí dílse, mar a leanas:

(i) caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1, agus

(ii) cistí dílse eile:

— a eisítear d'eintiteas a chuimsítear sa ghrúpa réitigh céanna agus ceannaíonn na heintitis sin iad, nó

— a eisítear d'eintitis nach gcuimsítear sa ghrúpa réitigh céanna agus ceannaíonn na heintitis sin iad chomh fada agus nach ndéantar difear, le feidhmiú na cumhachta díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagal 21, difear don rialú a dhéanann an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta.

3. Féadfaidh an Bord a cheadú go gcomhlíonfar an ceanglas dá dtagraítear i mír 12(a)(1) ina hiomláine nó i bpáirt le ráthaíocht a sholáthraíonn an t-eintiteas réitigh, lena gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh bunaithe san aon Bhallstát rannpháirteach amháin agus is cuid den aon ghrúpa réitigh amháin iad;

(b) comhlíonann an t-eintiteas réitigh an ceanglas dá dtagraítear i mír 12f;

(c) cuirtear an ráthaíocht ar fáil maidir leis an méid atá coibhéiseach le méid an cheanglais a dtéann sé ina ionad;

(d) déantar an ráthaíocht a thionscnamh nuair nach bhfuil sé ar chumas na fochuideachta a fiacha nó dliteanais eile a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite, nó nuair a dhéantar cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 21(3) i dtaca le fochuideachta, cibé acu is túisce a tharlóidh;

(e) déantar an ráthaíocht a chomhthaobhú le socrú airgeadais comhthaobhach mar a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) ar 50 % dá méid ar a laghad;

(f) comhlíonann an chomhthaobhacht lena dtacaítear an ráthaíocht ceanglais Airteagal 197 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus is leordhóthanach é, agus caolchorrlaigh atá coimeádach go hiomchuí curtha i bhfeidhm, chun an méid a rathaítear, dá dtagraítear i bpointe (e), a chumhdach;

(g) tá an chomhthaobhacht lena dtacaítear leis an ráthaíocht neamhualaithe agus ní úsáidtear go háirithe í chun tacú le haon ráthaíocht eile;

(h) tá aibíocht éifeachtach ag an gcomhthaobhacht a chomhlíonann an coinníoll aibíochta céanna dá dtagraítear in Airteagal 72c(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; agus

(i) níl aon bhacainní dlíthiúla, rialála nó oibríochtúla ar aistriú na comhthaobhachta ón eintiteas réitigh chuig an bhfochuideachta ábhartha, i gcás ina ndéanfar gníomh réitigh i dtaca leis an eintiteas réitigh san áireamh.

Chun críocha phointe (i) den chéad fhomhír, arna iarraidh sin don Bhord, soláthróidh an t-eintiteas réitigh tuairim dhlíthiúil neamhspleách réasúnaithe i scríbhinn uaidh nó léireoidh sé go sásúil, ar shlí eile, nach bhfuil aon bhacainní dlíthiúla, rialála ná oibriúcháin ann ar aistriú comhthaobhachta ón eintiteas réitigh chuig an bhfochuideachta ábhartha.

Airteagal 12h

Tarscaoileadh an íoscheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chur i bhfeidhm ar eintitis nach eintitis réitigh iad féin

1. Féadfaidh an Bord cur i bhfeidhm Airteagal 12h maidir le fochuideachta eintitis réitigh atá bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach a tharscaoileadh go hiomlán i gcás:

(a) ina bhfuil an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh araon, bunaithe san aon Bhallstát rannpháirteach amháin agus gur cuid den aon ghrúpa réitigh amháin iad;

(b) ina gcomhlíonann an t-eintiteas réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f;

(c) nach ann d'aon bhacainn láithreach ábhartha phraiticiúil nó dhlíthiúil, ná do bhacainn tuartha den sórt sin, ar an eintiteas réitigh cistí dílse a aistriú agus dliteanais a aisíoc go pras leis an bhfochuideachta i dtaca lena ndearnadh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 21(3), go háirithe i gcás ina ndéantar gníomh réitigh i dtaca leis an eintiteas réitigh.

2. Féadfaidh an Bord cur i bhfeidhm Airteagal 12g maidir le fochuideachta eintitis réitigh atá bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach a tharscaoileadh go hiomlán i gcás:

(a) ina bhfuil an fhochuideachtaí agus an máthairghnóthas araon, bunaithe san aon Bhallstát rannpháirteach amháin agus gur cuid den aon ghrúpa réitigh amháin iad;

(b) ina gcomhlíonann an máthairghnóthas ar bhonn comhdhlúite, an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) sa Bhallstát rannpháirteach sin;

(c) nach ann d'aon bhacainn láithreach ábhartha phraiticiúil ná dhlíthiúil, ná bacainn tuartha den sórt sin, ar an máthairghnóthas cistí dílse a aistriú agus dliteanais a aisíoc go pras leis an bhfochuideachta i dtaca lena ndearnadh cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 21(3), go háirithe i gcás ina ndéantar gníomh réitigh i dtaca leis an máthairghnóthas.

Airteagal 12i

Tarscaoileadh i gcás comhlacht lárnach agus institiúidí creidmheasa atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach

Féadfaidh an Bord, go hiomlán nó go páirteach, cur i bhfeidhm Airteagal 12g maidir le comhlacht lárnach nó le hinstitiúid creidmheasa atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach a tharscaoileadh, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile:

(a) tá na hinstitiúidí creidmheasa agus an comhlacht lárnach faoi réir maoirseacht ag an aon údarás inniúil amháin, tá siad bunaithe san aon Bhallstát rannpháirteach amháin agus is cuid den ghrúpa réitigh céanna iad;

(b) is dliteanais chomhpháirteacha agus leithleacha iad gealltanais an chomhlachta lárnaigh agus a institiúidí creidmheasa buanchleamhnaithe, nó tá gealltanais a n-institiúidí creidmheasa buanchleamhnaithe ráthaithe go hiomlán ag an gcomhlacht lárnach;

(c) déantar faireachán ar an íoscheanglas le haghaidh chistí dílse agus dhliteanais incháilithe agus sócmhainneacht agus leachtacht an chomhlachta lárnaigh agus na n-institiúidí creidmheasa buanchleamhnaithe uile ina n-iomlán ar bhonn chuntais chomhdhlúite na n-institiúidí sin;

(d) i gcas tarscaoileadh maidir le hinstitiúid creidmheasa atá buanchleamhnaithe le comhlacht lárnach, beidh sé de chumhacht ag lucht bainistíochta an chomhlachta lárnaigh treoracha a eisiúint do lucht bainistíochta na n-institiúidí buanchleamhnaithe;

(e) comhlíonann an grúpa réitigh ábhartha an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12f(3); agus,

(f) ní ann d'aon bhacainn láithreach ábhartha phraiticiúil ná dhlíthiúil, ná do bhacainn tuartha den sórt sin, ar aistriú pras cistí dílse nó aisíoc dliteanas idir an comhlacht lárnach agus na hinstitiúidí creidmheasa atá buanchleamhnaithe leis i gcás réitigh.

Airteagal 12j

Sáruithe ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe

1. Tabharfaidh an Bord agus údaráis ábhartha eile aghaidh ar aon sárú ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 12f nó in Airteagal 12g ar bhonn ceann amháin, ar a laghad, díobh seo a leanas:

(a) na cumhachtaí aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar inréititheacht nó iad a dhíothú i gcomhréir le hAirteagal 10;

(b) cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 10a;

(c) bearta dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE;

(d) bearta luath-idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 13;

(e) pionóis riaracháin agus bearta riaracháin eile i gcomhréir le hAirteagail 110 agus 111 de Threoir 2014/59/AE.

Anuas air sin, féadfaidh an Bord nó BCE measúnú a dhéanamh le fáil amach an bhfuil an institiúid ag cliseadh nó an dócha go gclisfidh sí, i gcomhréir le hAirteagal 18.

2. Rachaidh an Bord, údaráis réitigh agus údaráis inniúla Ballstát rannpháirteach i gcomhairle le chéile nuair a fheidhmeoidh siad a gcumhachtaí féin dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 12k

Socruithe idirthréimhseacha agus iar-réitigh

1. De mhaolú ar Airteagal 12a(1), cinnfidh an Bord agus na húdaráis réitigh náisiúnta idirthréimhsí iomchuí le haghaidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus (3) chun na ceanglais in Airteagal 12f nó in Airteagal 12g a chomhlíonadh, nó na ceanglais is toradh do chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7), de réir mar is iomchuí. Is é an spriocdháta d'eintitis na ceanglais atá in Airteagail 12f nó 12g nó na ceanglais is toradh iad ar chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4) (5) nó (7) a chomhlíonadh an 1 Eanáir 2024.

Cinnfidh an Bord spriocleibhéil idirmheánacha do na ceanglais atá in Airteagal 12f nó Airteagal 12g nó do cheanglas is toradh do chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4) (5) nó (7), mar is iomchuí, nach mór don institiúid nó don eintitis dá dtagraítear in Airteagal 12(1) agus (3) a chomhlíonadh an 1 Eanáir 2022. Leis na spriocleibhéil idirmheánacha, is gnáth méadú líneach ar na cistí dílse agus ar na dliteanais incháilithe ionsar an cheanglas a áirithiú.

Féadfaidh an Bord idirthréimhse a leagan síos ar feadh tréimhse a dtagann deireadh leis tráth is déanaí an 1 Eanáir 2024 gcás ina mbeidh údar cuí leis agus nuair is iomchuí ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 7, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) forbairt staid airgeadais an eintitis;

(b) go bhféadfadh an t-eintiteas a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais in Airteagail 12f nó 12g, laistigh de thréimhse ama réasúnta, nó ceanglas is toradh do chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5) nó (7), faoi cheann tréimhse ama réasúnta; agus

(c) an bhfuil an t-eintitis ábalta dliteanais a chur in ionad dliteanais nach gcomhlíonann a thuilleadh na critéir incháilitheachta ná aibíochta a leagtar síos in Airteagal 72b agus Airteagal 72c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus in Airteagal 12c nó Airteagal 12g(2) den Rialachán seo, agus mura bhféadfaidh, an rud neamhghnách nó an suaitheadh ar fud an mhargaidh is cúis leis an neamhábaltacht sin.

2. Is é an spriocdháta d'eintitis réitigh íosleibhéal na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12d(4) nó (5) a chomhlíonadh an 1 Eanáir 2022.

3. Ní bheidh feidhm ag leibhéil íosta na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12d(4) agus (5) laistigh den tréimhse dhá bhliain tar éis an dáta:

(a) a gcuirfidh an Bord nó an t-údarás náisiúnta réitigh an uirlis fortharrthála i bhfeidhm; nó

(b) ar chuir an t-eintiteas réitigh beart malartach ón earnáil phríobháideach i bhfeidhm dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 18(1) lena ndearnadh ionstraimí caipitil agus dliteanais eile a dhíluacháil nó a chomhshó ina n-ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, nó a ndearnadh cumhachtaí díluachála nó comhshó a fheidhmiú ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 21i ndáil leis an eintiteas réitigh sin, chun an t-eintiteas réitigh a athchaipitliú gan uirlisí réitigh a chur i bhfeidhm.

4. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 12c(4) agus Airteagal 12c(7) agus in Airteagal 12d(4) agus Airteagal 12d(5), de réir mar is infheidhme, laistigh den tréimhse trí bliana tar éis an dáta an-aithneofar mar G-SII an t-eintiteas réitigh nó an grúpa a bhfuil an t-eintiteas réitigh mar chuid de, nó tar éis an dáta a dtosóidh an t-eintiteas réitigh a bheith sa staid dá dtagraítear in Airteagal 12d(4) nó (5).

5. De mhaolú ar Airteagal 12a(1), cinnfidh an Bord agus na húdaráis náisiúnta réitigh idirthréimhse iomchuí ina ndéanfar na ceanglais atá in Airteagal 12f nó in Airteagal 12g a chomhlíonadh, nó ceanglas is toradh do chur i bhfeidhm Airteagal 12c(4), (5), nó (7), Airteagal 12c(5) nó Airteagal 12c(7), de réir mar is iomchuí, ar eintitis a ndearnadh uirlisí réitigh, nó an chumhacht díluachála nó comhshó dá dtagraítear in Airteagal 21, a chur i bhfeidhm maidir leo.

6. Chun críocha mhíreanna 1 go 5, cuirfidh an Bord agus na húdaráis náisiúnta réitigh in iúl don eintiteas íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe pleanáilte le haghaidh gach tréimhse 12 mhí i rith na hidirthréimhse d'fhonn an cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin aige a mhéadú arís diaidh ar ndiaidh. Ag deireadh na hidirthréimhse, beidh an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe cothrom leis an méid a chinnfear faoi Airteagal 12d(4), (5) nó (7), Airteagal 12d(4) nó (5), Airteagal 12f nó Airteagal 12g, de réir mar is infheidhme.

7. Agus na hidirthréimhsí á socrú acu, cuirfidh an Bord an méid seo a leanas san áireamh:

(a) leitheadúlacht taiscí, agus neamhláithreacht ionstraimí fiachais, sa tsamhail chistiúcháin;

(b) an rochtain ar na margaí caipitil le haghaidh dliteanais incháilithe;

(c) a mhéid a bhrathann an t-eintiteas réitigh ar chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 chun freastal ar an gceangal dá dtagraítear in Airteagal 12f.

8. Faoi réir mhír 1, ní chuirfear cosc ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh, ina dhiaidh sin, ar an idirthréimhse nó ar aon íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanas incháilithe pleanáilte a cuireadh in iúl faoi mhír 6.".

(*) Treoir 2002/47/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43).

(7) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Déanfaidh an Bord gníomhaíocht réitigh i ndáil le máthairghnóthas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(1).";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (3):

"3. D'ainneoin nach gcomhlíonann máthairghnóthas na coinníollacha a bhunaítear in Airteagal 18(1), féadfaidh an Bord cinneadh ar ghníomhaíocht réitigh a dhéanamh maidir leis an máthairghnóthas sin más eintiteas réitigh é agus má chomhlíontar le fochuideachta amháin nó níos mó dá chuid fochuideachtaí, ar institiúidí iad agus nach eintitis réitigh iad féin, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18(1), ar choinníoll go gcuirfeadh cliseadh a sócmhainní agus a ndliteanais an institiúid nó an grúpa ina iomláine i gcontúirt agus más gá gníomhaíocht réitigh a dhéanamh maidir leis an máthairghnóthas sin chun na fochuideachtaí sin a réiteach ar institiúidí iad nó chun an grúpa réitigh ábhartha ina iomláine a réiteach.".

(8) leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad pointe (b)

"(b) ag féachaint d'uainiú agus d'imthosca ábhartha eile, níl aon ionchas réasúnach ann go gcuirfeadh aon bhearta malartacha ón earnáil phríobháideach lena n-áirítear bearta ó IPS nó aon ghníomhaíocht maoirseachta, lena n-áirítear bearta luath-idirghabhála nó díluachála nó comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 21(1), ionstraimí caipitil ábhartha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12g(2), a dhéanfaí i ndáil leis an eintiteas, cosc ar chliseadh an eintitis laistigh de thréimhse réasúnach ama;";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"1a. Féadfaidh an Bord scéim réitigh a ghlacadh i gcomhréir le mír 1 i ndáil le comhlacht lárnach agus i ndáil le gach institiúid creidmheasa atá buancleamhnaithe léi ar cuid den ghrúpa réitigh chéanna iad nuair a chomhlíonann an grúpa réitigh sin ina iomláine na coinníollacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír.";

(9) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na focail "ionstraimí caipitil, agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 21" in ionad na bhfocal "ionstraimí caipitil";

(b) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) i bpointe (a), cuirtear na focail "ionstraimí caipitil, agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 21" in ionad na bhfocal "ionstraimí caipitil";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

"(c) nuair a chuirfear i bhfeidhm an chumhacht ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21(7), go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi mhéid an chealaithe nó an chaolaithe i dtaca le hionstraimí úinéireachta, agus faoi mhéid na díluachála nó an chomhshó i dtaca le hionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe;

(d) nuair a chuirtear an uirlis fortharrthála i bhfeidhm, go mbeidh sí mar fhaisnéis don chinneadh faoi mhéid dhíluacháil nó chomhshó na ndliteanas in-fhortharrthála a chur in iúl;";

(iii) i bpointe(g), cuirtear na focail "ionstraimí caipitil, agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 21" in ionad na bhfocal "ionstraimí caipitil".

(c) i míreanna 6, 13 agus 15, cuirtear na focail "ionstraimí caipitil, agus dliteanais incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 21" in ionad na bhfocal "ionstraimí caipitil".

(10) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"**Díluacháil nó comhshó ionstraimí caipitil agus dliteanas incháilithe**";

(b) sa chuid réamhráiteach agus i bpointe (c) de mhír 1, cuirtear na focail "ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear i mír 7a" in ionad na bhfocal "ionstraimí caipitil";

(c) i bpointe (b) de mhír (3) cuirtear na focail 'ionstraimí caipitil agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear i mír 7a' in ionad na bhfocal 'ionstraimí caipitil';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (7):

"7. I gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Bord, agus é ag gníomhú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, cinneadh an bhfeidhmeofar na cumhachtaí ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil nó a chomhshó go neamhspleách nó, i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 18, i gcomhcheangal le gníomhaíocht réitigh i gcomhréir leis an nós imeachta faoi Airteagal 18.

I gcás inar cheannaigh an t-eintiteas réitigh go hindíreach trí eintitis eile san aon ghrúpa réitigh amháin, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe ábhartha, feidhmeofar an chumhacht chun díluacháil nó comhshó a dhéanamh ar na hionstraimí caipitil ábhartha agus na dliteanais incháilithe sin i dteannta fheidhmiú na cumhachta céanna ar leibhéal mháthairghnóthas an eintitis lena mbaineann nó ar leibhéal máthairghnóthas eile nach eintitis réitigh iad, ionas go gcuirfear na caillteanais ar aghaidh chuig an eintiteas réitigh agus ionas go ndéanfaidh an t-eintiteas réitigh an t-eintiteas lena mbaineann a athchaipitliú.

Tar éis fheidhmiú na cumhachta chun ionstraimí caipitil ábhartha nó dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó beag beann ar ghníomhaíocht réitigh, déanfar an luacháil dá bhforáiltear in Airteagal 20(16) agus beidh feidhm ag pointe (e) d'Airteagal 76(1).";

(e) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

"7a. Ní fhéadtar na cumhachtaí dliteanais incháilithe a dhíluacháil nó a chomhshó beag beann ar ghníomhaíocht réitigh a fheidhmiú ach maidir le dliteanais incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 12g(2) den Rialachán seo, cé is moite den choinníoll maidir le haibíocht dliteanas atá fágtha mar a leagtar amach in Airteagal 72(c)1 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

I gcás ina bhfeidhmeofar an chumhacht sin, is i gcomhréir leis an bprionsabal dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 15(1) a dhéanfar an díluacháil nó an comhshó.

7b. I gcás ina ndéanfar gníomhaíocht réitigh maidir le heintiteas réitigh nó, i gcúinsí eisceachtúla de dhiallas ón bplean réitigh, maidir le heintiteas nach eintiteas réitigh é, an méid a dhéanfar a laghdú, a dhíluacháil nó a chomhshó i gcomhréir le hAirteagal 21(10) ar leibhéal an eintitis sin, cuirfear san áireamh iad i dtaca leis na tairseacha is infheidhme a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 27(7) maidir leis an eintiteas lena mbaineann.";

(f) sa dara fomhír de mhír 8 cuirtear na focail "ionstraimí caipitil, agus dliteanais incháilithe" dá dtagraítear i mír 7a in ionad na bhfocal "ionstraimí caipitil";

(g) i mír 10, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(d) díluachálfar nó comhshófar príomhshuim na n-ionstraimí incháilithe dá dtagraítear i mír 7a in ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 nó déanfar an dá rud, a mhéid is gá chun na cuspóirí réitigh a leagtar amach in Airteagal 14 a chomhlíonadh nó de réir chumas na n-ionstraimí caipitil ábhartha, cibé acu is ísle.";

(11) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na focail 'dliteanais in-fhortharrthála' in ionad na bhfocal 'dliteanais incháilithe';

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) dliteanais a bhfuil aibíocht níos lú ná seacht lá fágtha iontu, atá dlite do chórais nó d'oibreoirí córas atá ainmnithe i gcomhréir le Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó dá rannpháirtithe agus a thagann as rannpháirtíocht i gcóras den chineál sin, nó do chontrapháirtithe lárnacha arna n-údarú san Aontas de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus contrapháirtithe lárnacha de chuid tríú tíortha arna n-aithint ag ESMA de bhun Airteagal 25 den Rialachán sin;

(*) Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).";

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(h) dliteanais i leith eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) d'Airteagal 1(1) de Threoir 2014/59/AE atá mar chuid den aon ghrúpa réitigh amháin ach nach eintitis réitigh iad féin, beag beann ar a n-aibíochtaí ach amháin i gcás ina rangaítear na heintitis réitigh sin faoi ghnáthdhliteanais neamhurraithe faoi dhlí náisiúnta ábhartha an Bhallstáit rannpháirtigh lena rialaítear gnáthimeachtaí dócmhainneachta is infheidhme an 28 Nollaig 2020; i gcásanna ina bhfuil feidhm ag an eisceacht sin, déanfaidh an Bord a mheasúnú cé acu is leor nó nach leor líon na n-ítimí a chomhlíonann Airteagal 45g(2) chun go gcuirfí chun feidhme straitéis réitigh na tosaíochta.";

(c) i mír 4, cuirtear na focail "dliteanais in-fhortharrthála" in ionad na bhfocal "dliteanais atá incháilithe le haghaidh uirlis fortharrthála";

(d) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad na dara fomhíre:

"Déanfaidh an Bord measúnú cúramach ar cheart dliteanais i leith institiúidí nó eintiteas atá mar chuid den ghrúpa réitigh céanna ach nach eintitis réitigh iontu féin iad agus nach bhfuil eisiata ó chur i bhfeidhm cumhachtaí díluachála agus comhshó faoi phointe (h) de mhír (3), ar cheart iad sin a eisiamh nó a eisiamh go páirteach faoi phointí (a) go (d) den chéad fhomhír chun cur chun feidhme éifeachtach na straitéise réitigh a áirithiú.

I gcás ina ndéantar dliteanas in-fhortharrthála, nó aicme dliteanas in-fhortharrthála, a eisiamh nó a eisiamh go páirteach faoi mhír seo, féadfar leibhéal na díluachála nó an chomhshó a chuirtear i bhfeidhm, maidir le dliteanais infhortharrthála eile a mhéadú chun eisiamhanna den sórt sin a chur san áireamh, ar choinníoll go gcomhlíonann leibhéal na díluachála agus an chomhshó a chuirtear i bhfeidhm ar dhliteanais incháilithe eile an prionsabal a leagtar síos i bpointe (g) d'Airteagal 15(1);"

(e) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír:

"6. I gcás ina ndéantar dliteanas in-fhortharrthála, nó aicme dliteanas in-fhortharrthála, a eisiamh nó a eisiamh go páirteach de bhun Airteagal 5, agus nach mbeidh na caillteanais a bheadh le hiompar ag na dliteanais sin tugtha ar aghaidh go hiomlán chuig creidiúnaithe eile, féadfar ranníocaíocht ón gCiste a dhéanamh leis an institiúid faoi réiteach chun ceann amháin nó an dá cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) chun aon chaillteanais nach bhfuil iompartha ag dliteanais incháilithe a chumhdach agus glanluach sócmhainní na hinstitiúide faoi réiteach a chur ar ais go dtí nialas i gcomhréir le pointe (a) de mhír 13;

(b) chun ionstraimí úinéireachta nó ionstraimí caipitil san institiúid faoi réiteach a cheannach, chun an institiúid a athchaipitliú i gcomhréir le pointe (b) de mhír 13.";

(f) i bpointe (a) de mhír 7, cuirtear na focail 2dliteanais in-fhortharrthála2 in ionad na bhfocal "dliteanais incháilithe";

(g) i mír 13, cuirtear na focail "dliteanais in-fhortharrthála" in ionad na bhfocal "dliteanais incháilithe";

(12) in Airteagal 31(2), cuirtear na focail "Airteagal 45h" in ionad na bhfocal "Airteagal 45(9) go (13)".

(13) in Airteagal 31(2), cuirtear na focail "12 go 12k" in ionad an fhocail "12".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 28 Nollaig 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Bealtaine 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
A. TAJANI	G. CIAMBA